



Oifig an

Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil

2006



Tuarascáil Bhliantúil 2006



Clár

Réamhrá leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe	3
Ráiteas Bunchuspóra	4
Cé is iarrthóir tearmainn ann?	5
An sainmhíniú ar dhídeanaí	5
Cuid 1 – Túseolas	7
Cuid 2 – Forbairtí Ríthábhachtacha i 2006	11
Cuid 3 – Dul Chun Cinn Maidir le Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2004-2006	17
<i>Sprioc Ardleibhéil 1</i>	<i>18</i>
<i>Sprioc Ardleibhéil 2</i>	<i>20</i>
<i>Sprioc Ardleibhéil 3</i>	<i>22</i>
<i>Sprioc Ardleibhéil 4</i>	<i>24</i>
Cuid 4 – Aguisíní	33
<i>Aguisín 1</i> Cairt Eagraíochtúil	<i>34</i>
<i>Aguisín 2</i> Fordhearcadh ar Aonaid na hOifige	<i>35</i>
<i>Aguisín 3</i> Staitisticí Iarratas/Próiseála	<i>37</i>
<i>Aguisín 4</i> Staitisticí Rialachán Bhaile Átha Cliath II/Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath	<i>43</i>
<i>Aguisín 5</i> Eolas ar Iarratais a Réitigh an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus an tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2006	<i>48</i>
<i>Aguisín 6</i> Sonraí Airgeadais	<i>49</i>
Gluais Téarmaí	50



Tá áthas orm an séú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a thabhairt isteach.

Tuairiscíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo ar sheachadadh le linn 2006 na bpríomhspríocanna a bhí inár Ráiteas Straitéise 2004-2006. Is í an tuarascáil deirídh í faoin Ráiteas Straitéise seo.

Le linn 2006 bhíomar i gcónaí ag déanamh dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí agus na straitéisí dúshlánacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a chur chun feidhme. Bhí cásanna atá faoi réir Threoir Bheartú Tosaíochta ón Aire á gcríochnú i gcónaí laistigh de 17 go 20 lá oibre ón iarratas agus críochnaíodh gach cás eile, ach tuairim is 10% ar cuireadh moill orthu ar chúiseanna liachta nó ar chúiseanna eile an-láidre, laistigh de 8 go 10 seachtaine nó geall leis ón uair a fuarthas an t-iarratas tosaigh. Ach i ngeall ar laghdú ar líon na n-oibríthe cásanna leithleacha, cuireadh síneadh leis an tréimhse ama le haghaidh phróiseáil na gcásanna seo sa ráithe dheireanach.

Bhí an ráta iarratais do 2006 9 faoi bhun ráta 2005. Choimeádamar le luas an ghlactha isteach seo fiú le hacmhainní laghdaithe agus laghdaíomar tuilleadh líon na gcásanna idir lámha ó 1,169 ag tús na bliana go 924 ag deireadh bliana. Is ionann é seo agus a dhá oiread an mheánráta iarratais míosúil agus le cois.

Tugadh rialacháin nua isteach i nDeireadh Fómhair a thug éifeacht d'fhorbálacha Threoir an AE ar íoschaighdeáin cháilíochta. Ach ní raibh aon tionchar aige seo ar oibríochtaí na hOifige ó bhí na caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm i bpróiseáil iarratas níos airde cheana féin ná na híoschaighdeáin a leagadh amach sna Rialacháin.

De réir chlár oibre nuachóirithe an Rialtais bhíomar ag déanamh dul chun cinn i gcónaí maidir le comhlíonadh na ngealltanas inár Straitéisí Daonacmhainní, Oiliúna agus TE. Tá an córas PMDS comhtháite anois le beartais agus próisis Daonacmhainní agus tugadh isteach samhail chomhtháite leasaithe ar dlúthchuid de aiseolas anois agus an córas nua rátála ar fheidhmíocht na foirne. Tá treoirscéim ríomhoibre tugtha isteach againn chomh maith agus tá naonúr den fhoireann rannpháirteach ann.

I gcaitheamh na bliana rinneadh dhá fhorbairt chun próiseas an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisigh (SMI) a bhrostit i gcomhthéacs lánfeidhmiú PMDS agus ullmhúchán do thabhairt isteach ar gClár Nua-Chóirithe agus Gníomhaíochta faoin gcomhaontú *I dtreo 2016*. Bhí an fhoireann ar fad rannpháirteach i gceardlann lasmuigh den láthair a dhírigh ar chultúr feidhmíochta a chur chun cinn chomh maith le

comhpháirtíocht a neadú san ionad oibre. Anailísíodh agus pléadh topaicí ar nós Obair Bhuíne, Cumarsáide, Meanma Foirne, Úsáid TE agus Cleachais agus Nósanna Imeachta Oibre. Scrúdaíomar chomh maith bealaí ina bhféadfaimis cur le feidhmíocht, bealaí nua oibre a mhisniú agus cur leis an tsolúbthacht trí chomhpháirtíocht.

Bhí páirt mhór ag an Oifig i bhforbairt an Chláir nua um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP). An aidhm atá leis ná aon bhonneagar FE amháin a chruthú de na háisíneachtaí agus na rannáin éagsúla atá ag plé leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce. Lena chois sin, bhíomar páirteach i bhforbairt Chóras Uathoibrítheach Aithint ó Mhéarloirg (AFIS). Nuair a bheidh an córas seo lánoibríoch soláthróidh sé próiseas nua digiteach chun méarloirg a ghlacadh agus déanfaidh sé níos furasta é, *inter alia*, iad a chur ar aghaidh go huathoibríoch chuig EURODAC.

Dhírigh an Oifig i gcónaí ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcaitheamh na bliana. Ceapadh córais agus nósanna imeachta nua chun cabhrú linn na gealltanas a tugadh sa Chairt do Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a chomhlíonadh. Cuireadh córais leasaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoimeádtar tuairisc ar gach comhfhreagra a thagann isteach agus go bhfreagraítear é laistigh de 6 go 10 lá oibre de réir sprice agus bunaíodh grúpa oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtaí san Ionad Sheirbhísí do Chustaiméirí (CSC). Tá ár ngealltanas CSC san áireamh anois sna Pleananna Gnó le haghaidh gach aonaid agus déantar athbhreithniú agus tuairiscí rialta orthu.

Sholáthair an Oifig deiseanna ardchaighdeán oiliúna agus forbartha don fhoireann le linn 2006. Díriodh go príomha ar Chinneadh Stádas Dídeanaí ach bhí raon leathan de chúrsaí forbartha eile ar fáil chomh maith. Bunaíodh Ionad Foghlama chomh maith mar acmhainn féinfhoghlama don fhoireann. Go dtí seo tá an-spéis á cur sa tionscnamh seo.

Chuaigh an fhoireann i mbun oibre ar bhealach comhpháirtíochta chun clár oibre dúshlánach a chur i gcrích agus a chinntiú go sroichfí ár spríocanna. Chumasaigh a dtiomantas agus a ndúthracht dúinn ár stádas reatha i bpróiseáil iarratas a shroicheadh agus an stádas sin a choimeád ar feadh na bliana. Is mian liom a n-iarrachtaí a admháil mar aon leis an méid a rinne siad chun go bhféadfaimis ár gcuspóirí a chur i gcrích agus dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Oibre Nua-Chóirithe an Rialtais.

Táim ag tnúth le dul i mbun oibre arís leis an bhfoireann chun gur féidir linn ár spríocanna agus ár gcuspóirí a shroicheadh agus feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse dár gcustaiméirí.

Berenice O'Neill
Coimisinéir

Is é Ráiteas Bunchuspóra Oifig an Choimisinéara Iarratais de réir Acht na nDídeanaithe, 1996 ná:

- (i) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú um stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,*

agus
- (ii) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe go gceadófaí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,*


agus, dá réir sin, seirbhís ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí trí bheartais agus nósanna imeachta atá cóir agus oscaite a chur chun feidhme, agus caitheamh le gach iarrthóir le cúirtéis agus le tuiscint.

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann?

Iarrthóir tearmainn is ea duine ar mian leis/léi aitheantas a fháil mar dhídeanaí de réir théarmaí Choinbhinsiún 1951 na Ginéive maidir le stádas dídeanaithe agus Prótacal gaolmhar 1967, a sholáthraíonn an bonn le haghaidh an chórais idirnáisiúnta chun dídeanaithe a chosaint.

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí

Is é an sainmhíniú ar dhídeanaí i ndlí na hÉireann ná “duine atá, de dheasca eagla a bhfuil bonn léi go ndéanfar géarleanúint a imirt air nó uirthi ar chúiseanna cine, creidimh nó náisiúntachta, nó ar chúiseanna comhaltas grúpa sóisialach ar leith nó tuairimí polaitíochta a bheith aige nó aici, lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil sé nó sí in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil sé nó sí toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin; nó duine, nach bhfuil náisiúntacht aige nó aici agus atá lasmuigh de thír a iarghnáthchónaithe nó a hiarghnáthchónaithe, nach bhfuil in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil toilteanach filleadh uirthi...”



1

Túseolas



An Creat Dlí

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, bunaíodh dhá oifig reachtúla neamhspleácha, Samhain 2000, chun breithniú a dhéanamh ar iarratais/achomhairc le haghaidh stádas dídeanaí agus chun moltaí a dhéanamh don Aire i dtaobh ar chóir an stádas sin a dheonú. Is iad an dá oifig sin ná Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe, a bhreithníonn iarratais ar dhearbhu mar dhídeanaí don chéad chéim agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, a bhreithníonn iarratais ar dhearbhu ag céim an achomhairc.¹

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leagtha amach in Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú leis an Acht Inimirce, 1999, leis an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, agus leis an Acht Inimirce, 2003). Sa tuarascáil seo, ciallaíonn an téarma "Acht na nDídeanaithe, 1996" "Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú)".

Ina theannta sin, bíonn aird ag an Oifig ar na hIonstraimí Reachtúla (IR) seo a leanas le linn dí a gnó a sheoladh:

- I.R. Uimh. 342 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2000.
- I.R. Uimh. 343 de 2000 – An tOrdú um Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (Cur i nGníomh), 2000.
- I.R. Uimh. 344 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Ionaid agus Dálaí Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Deimhniú Cónaí Sealadach), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – Na Rialacháin um an Acht Inimirce 2003 (Alt 7) (Tosach Feidhme), 2003.
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 423 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Alt 22), 2003.
- I.R. Uimh. 714 de 2004 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004.
- I.R. Uimh. 518 de 2006 – Rialacháin na bPobal Eorpacha (Cáiliú do Chosaint) 2006.

¹ Tá mionchur síos ar an bpróiseas tearmainn le fáil ar láithreán Gréasáin na hOifige (www.orac.ie).

Feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Deirtear in Acht na nDídeanaithe, 1996, go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid nó a cuid feidhmeanna, ar feidhmeanna idir reachtúil agus neamhreachtúil iad. Is iad na freagrachtaí rithábhachtacha reachtúla ná:

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais uathusan atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin, agus
- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ag dídeanaithe go ligfí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann, agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin.

Faoin Acht, is é freagracht an Choimisinéara chomh maith:

- Deimhniú Cónaí Sealadach a eisiúint do lucht iarrtha tearmainn
- cloí le haon ordacháin ón Aire maidir le tosaíocht do chatagóirí áirithe iarrthóra
- cur i láthair chás an Choimisinéara leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú i gcás go ndéantar achomharc chun an Bhinse in aghaidh moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisinéir
- faisnéis, a ndéantar foráil ina leith i reachtaíocht, a sholáthar d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, agus do ghníomhaireachtaí cuí Rialtais
- mionaoisigh gan duine ina gcuideacha a atreorú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir alt 8 (5) d'Acht na nDídeanaithe.

Cé gur ar an gCoimisinéir atá an fhreagracht dheiridh as na feidhmeanna reachtúla sin a chomhlíonadh faoin Acht, féadfaidh an Coimisinéir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhalta foirme ar bith.

Tá feidhmeanna neamhreachtúla ag an gCoimisinéir freisin. Orthu seo tá:

- a chinntiú maidir le gach iarratas ar thearmann ag an gcéad chéim go ndéantar iad a phróiseáil agus go bpléitear leo go cothrom, go cúirtéiseach agus go héifeachtach
- ordacháin a eisiúint ar fheidhmiú praiticiúil Acht na nDídeanaithe agus ar nósanna imeachta agus caighdeán oibre

- a chinntiú go bhfuil leorfhaisnéis ar thíortha tionscnaimh iarrthóirí tearmainn agus ar an dlí-eolaíocht agus ar an gcleachtas idirnáisiúnta i réimse an tearmainn ar fáil don bhfoireann
- páirt a ghlacadh i bhfóiraim idirnáisiúnta ar chúrsaí tearmainn
- bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne agus ar oiliúint agus forbairt
- plé le ceisteanna ón bpreas
- ullmhúchán agus bainistiú an bhuiséid agus Phlean Gnó na heagraíochta.

Luachanna Ríthábhachtacha na hOifige

Is iad na luachanna ríthábhachtacha is bonn treorach d'obair na hOifige ná:

- **Neamhspleáchas** – Neamhspleáchas maidir le próis agus cinnteoireacht.
- **Cothrom na Féinne** – Nósanna imeachta cothroma a chuirtear in iúl d'iarrthóirí tearmainn.
- **Daingne** – Daingne maidir le hoibleagáidí reachtúla a chur chun feidhme.
- **Fónamh do na príomhpháirtithe leasmhara** – Tiomantas i leith seirbhíse d'iarratasóirí agus do pháirtithe leasmhara eile.
- **Tiomantas don fhoireann** – A aithint gurb iad an fhoireann an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil ag an Oifig agus timpeallacht a chothú inar féidir leo obair éifeachtach a dhéanamh agus an gealladh atá iontu féin a fhorbairt chun leas na hOifige go sonrach agus chun leas a saoil oibre féin i gcoitinne.
- **Tiomantas don sárchaighdeán** – Obair a dhéanamh ar chaighdeán a chinnteoidh ardcháilíocht agus torthaí tráthúla.
- **Oscailteacht** – Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, agus leis an bpobal ar shlí a spreagann iontaobh as oibriú na hOifige.
- **Éifeachtacht maidir le húsáid acmhainní** – A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní atá ar fáil gan cur isteach ar chaighdeán.

Maoiniú agus Foireann don Oifig

Is é an Stát, tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a chuireann an maoiniú ar

fáil le haghaidh na hOifige. Foráiltear san Acht gur "Státseirbhísigh de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956, a bheidh i gcomhaltaí fhoireann an Choimisinéara."

Foráiltear san Acht freisin go bhféadfaidh "an Coimisinéir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin Acht seo... a tharmligean chuig aon chomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ach na feidhmeanna a bhronntar ag Alt 7".

Seachas foireann na seirbhíse, is oifigigh údaraithe ainmnithe ar ceapachán iad an fhoireann.

Struchtúr Bainistíochta na hEagraíochta


I ndeireadh 2006, bhí 212 duine ar fhoireann na hOifige. Agus socruithe jabroinnte á gcur san áireamh, b'ionann sin agus 196 post. Tá cairt eagraíochta le fáil in Aguisín 1.

Ceanglais Tuairiscithe

Is iad ceanglais tuairiscithe an Choimisinéara, mar atá leagtha amach san Acht, na cinn seo a leanas:

- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh gach bliana. Leagfaidh an tAire cóip den Tuarascáil Bhliantúil os comhair gach Tí de Thithe an Oireachtais.
- an fhaisnéis chúig go léir a sholáthar don Aire, ar bhonn leanúnach, chun a chur ar a chumas nó ar a cumas cuntasacht agus freagracht an Aire a fheidhmiú i ndáil leis an Oifig.
- gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead uile a gheofar nó a chaithfear agus gach cuntas speisialta (más ann) a threoróidh an tAire.
- na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ar dháta a shonróidh an tAire. Cuirfear cóip de na cuntais sin nó sliocht astu ar fáil don Aire agus cuirfidh seisean nó sise iad aron faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

(Faisnéis Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leithroinnt bhliantúil cistí arb é nó í Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tOifigeach Cuntasíochta ina leith agus áirítear cuntais na hOifige i gcuntais bhliantúla na Roinne.)



2

Forbairtí Ríthábhachtacha i 2006



Próiseáil Iarratas

- Fuarthas 4,314 iarratas san iomlán ar stádas dídeanaí sa bhliain 2006. Ba é 360 an meán míosúil, a shroich buaicphointe de 438 i mí an Mháirta. Léiríonn líon iomlán na n-iarratas a fuarthas, cé go raibh sé mórán mar an gcéanna le 2005, laghdú leanúnach sna hiomláin bhliantúla ó bhuaicphointe de 11,634 i 2002.
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir le hiarratais a phróiseáil agus shroicheamar stádas reatha go luath sa bhliain nuair a cuireadh deireadh leis an riaráiste cásanna. Coinníodh an stádas i gcaitheamh na bliana.
- Próiseáladh iarratais a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire san iomlán laistigh de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais. Ba í seo an amlíne chéanna a sroicheadh sa bhliain 2005 in ainneoin titim de 21 i líon na bpost a líonadh (217 ag deireadh 2005; 196 ag deireadh 2006). Tháinig 32% nach mór de na hiarratais a fuarthas i 2006 ó thíortha tosaíochta mar atá ainmnithe i dTreoir an Aire.
- Tharla méadú leanúnach ar líon na gcinntí faoi Rialacháin Bhaile Átha Cliath II i gcaitheamh 2006. Rinneadh 540 cinneadh, méadú de os cionn 23% ar leibhéal cinntí 2005 de 439. In ainneoin an treocht aníos i gcinntí, más ea, laghdaíodh amanna próiseála do ghnáthchásanna ó mheán de 75 lá oibre ag tús na bliana go 27 lá oibre faoi dheireadh bliana.
- Fuarthas 483 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh sa bhliain 2006. Tugadh faoi athbhreithniú ar nósanna imeachta an Aonaid Athaontú Teaghlaigh i lár na bliana. Laghdaíodh na hamanna próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go heisiúint tuarascáil Alt 18 ó 9 mí go luath i 2006 go 2.5 mí faoi dheireadh na bliana. Cuirtear formhór na moille reatha síos do bheith ag feitheamh ar cheistneoirí a theacht ar ais ó iarrthóirí.
- Bhí méadú suntasach i líon na n-iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach (JR) a fuarthas i gcomparáid le blianta roimhe. Fuarthas 233 JR – méadú de 73% ar leibhéal 2005 de 135 agus tháinig a leath nach mór ó chuideachta amháin de dhlíodóirí. In ainneoin an mhéadaithe ar an ualach oibre tá an t-aonad ag obair ar bhonn reatha.
- Chun agallaimh shubstaintiúla éifeachtúla agus fócasaithe a éascú daingníodh córas taighde réamhagallaimh sa réimse Próiseáil Cásanna le linn 2006. Ceaptar próifíl ar chásanna agus aithnítear

eolas a bhaineann leis an Tír Tionscnaimh mar chuid den phróiseas ullmhúcháin réamhagallaimh. Déantar anailís chúramach ar éilimh iarrthóirí faoin gcóras, ceaptar próifíl dá dtír tionscnaimh agus scrúdaítear roimh an agallamh na forais a thugann siad mar chúis le stádas dídeanaí a éileamh. Soláthraíonn Tuarascáil Mhíosúil Monatóireachta COI próifíl leantach ar chineálacha cásanna reatha a aithnítear ó iarratais tosaigh iarrthóirí.

- Cuireadh tús le dhá cheann de threoirscéimeanna – ceann ar úsáid ríomhairí glúine agus an ceann eile ar úsáid Digimemos – le linn 2006 chun a n-oiriúnacht do ghlacadh nótaí ag agallaimh shubstaintiúla le hiarrthóirí ar thearmann a chinneadh. Ba iad na ríomhairí glúine ba rathúla agus tá roinnt comhaltaí foirne á n-úsáid anois chun nótaí agallaimh a ghlacadh. Meastar go dtosóidh formhór na n-oibríthe cásanna leithleacha á n-úsáid sa bhliain 2007.

Forbairtí Daonacmhainní/Oiliúna

- Cuireadh an chéad chéim eile den Chóras Bainistíocht agus Forbairt ar Fheidhmiú (PMDS) a chuimsíonn aiseolas aníos i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana. Tá an córas PMDS comhtháite anois le beartais agus próisis daonacmhainní agus tugadh an tsamhail chomhtháite leasaithe seo isteach sa bhliain 2006.
- Rinneadh leathnú eile ar raon na scéimeanna um Choithromaíocht idir Shaol na hOibre agus an Saol Lasmuigh atá ar fáil don fhoireann nuair a tugadh isteach treoirscéim Ríomhoibre. Bhain roinnt comhaltaí foirne leas as an deis seo agus athbhreithneofar oibriú na scéime sa bhliain 2007.
- Tugadh *Staff Guide to HR related matters* cuimsitheach chun críche agus scaipeadh é ar an bhfoireann ar fad. Ba é an tAonad Daonacmhainní a sholáthair an treoir agus soláthraíonn sé eolas ginearálta don fhoireann maidir le, *inter alia*, coinníollacha seirbhíse, deiseanna forbartha agus seirbhísí tacaíochta.
- Fuarthas aitheantas idimáisiúnta do chaighdeán na hoiliúna san Oifig nuair a iarradh ar chomhalta d'fhoireann oiliúna na hOifige roinnt modúl a éascú ag Comhdháil um Sheirbhísí Inimisce na nArd-Stiúrthóirí (GDISC) i Maidrid i mí an Mheithimh a phléigh le forbairt Churaclaim Tearmann Eorpach d'oiliúint maidir le cinneadh stádas dídeanaí ar fud na mBallstát.

- Ag deireadh mhí na Nollag bhí 31 post folamh laistigh den Oifig. I gcaitheamh 2006 d'aitreóim ar 30 post eile san iomlán chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, rud a thug go 87 líon na bpost a aitreóíodh ó bunaíodh an Oifig.

Forbairtí sa tSeirbhís do Chustaiméirí

- Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt do Chustaiméirí agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí. Déanfar anailís ar na torthaí sa bhliain 2007.
- Rinneadh Suirbhé ar Chustaiméirí san Aonad um Ghlacadh le linn 2006 chun caighdeán an eolais agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí a mheasúnú. Bhí an toradh an-dearfach lena n-áirítear an freagra go ndúirt 98% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé gur bhraith siad go raibh an fhoireann an-chabhrach nó cabhrach. Cumasaíonn na suirbhéanna seo don Oifig caighdeán a seirbhíse do chustaiméirí a mheasúnú agus a athbhreithniú agus bonn eolais a cheapadh faoi fhorbairt bheartais agus nósanna imeachta sa réimse seo.
- Cuireadh córais leasaithe i bhfeidhm le cinntiú gur coimeádadh tuairisc ar gach comhfhreagras agus gur admháladh é laistigh de 3 lá oibre de réir na spriocanna atá sa Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí. Ar an meán, eisíodh freagra iomlán laistigh de 6 go 10 lá oibre.
- Bunaíodh grúpa oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-oibríochtaí san Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí (CSC) agus ar an gcaoi ar idirghníomhaigh sé le haonaid eile den Oifig. I ndiaidh an athbhreithnithe, glacadh nósanna imeachta feabhsaithe maidir le hidirchaidreamh idir an t-aonad sin agus aonaid eile. Athraíodh ról agus freagrachtaí na foirne sa réimse mar thoradh air seo agus ar chuspóirí eile den phlean gníomhaíochta.
- Cheap an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí Ceisteanna Coitianta chun é a dhéanamh níos fusa eolas a sholáthar do chustaiméirí a dhéanann teagmháil linn ar an nguthán.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Nósanna Imeachta Gearán do Chustaiméirí na hOifige ag deireadh na bliana. Beidh anailís ar na torthaí mar bhonn eolais leis an athbhreithniú ar na nósanna imeachta.
- Soláthraíonn Painéal Idirchaidrimh na hOifige do Sheirbhís do Chustaiméirí fóram chun dul i gcomhairle le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar raon leathan ceisteanna agus chun eolas a sholáthar

d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. Chomh maith le cruinnithe iomlánacha foirmeálta chuathas i gcomhairle ar roinnt ócáidí ar cheisteanna éagsúla i gcaitheamh na bliana.

- Faigheann gach iarrthóir atá mar ábhar le meaitseáil méarlorg ar EURODAC fógra den toradh ar dháta a n-iarratais chuig an Oifig.

Comhpháirtíocht

- Bhí páirt thábhachtach ag comhpháirtíocht san eagraíocht i gcónaí agus cuireadh an ceathrú coiste comhpháirtíochta bliantúla le chéile i mí Mheán Fómhair.
- Ullmhaíodh *Plean Nua-Chóirithe agus Gníomhaíochta i dTreo 2016* na hOifige. Clúdaíonn an plean gníomhaíochta seo an tréimhse suas go Meán Fómhair 2008 agus leagann amach ár glár oibre – i bhfoirm ghníomhartha, amlínite agus táscairí feidhmíochta aontaithe – le haghaidh nuachóiriú, solúbthachta agus comhar le hathrú leantach san eagraíocht sa tréimhse sin.
- I gcaitheamh na bliana rinneadh dhá fhorbairt chun próiseas an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisí (SMI) a bhrostú i dtreo lánfheidhmiú PMDS agus réiteach faoi chomhair *I dTreo 2016*. Ghlac an fhoireann ar fad páirt i gceardlanna lasmuigh den láthair oibre a phléigh le cultúr feidhmíochta a chur chun cinn agus an chomhpháirtíocht a neadú san ionad oibre.
- Eagraíodh scéim mholtaí do chomhaltaí foirne a thug an deis don fhoireann smaointe a chur ar aghaidh a bheadh chun leasa na heagraíochta. Rinneadh dhá dhámhachtain faoin tionscnamh i gcaitheamh na bliana agus tá na moltaí seo á gcur chun feidhme i láthair na huair. Athbhreithneofar an scéim i 2007.

Teicneolaíocht an Eolais


- Bhí ról ríthábhachtach ag an Oifig i bhforbairt an Chláir um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP). Ba é deireadh ár mbainteacht ná síniú conartha i mí na Nollag chun an chéim dheiridh a chur chun feidhme. An aidhm atá leis an tionscadal ná aon bhonneagar TE amháin a chruthú idir na háisíneachtaí agus na rannáin éagsúla atá ag plé leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce. Éascóidh sé seo cur chuige comhtháite i leith Bainistiú Cásanna, Bainistiú Cóiríochta, Eolas faoi Thír Tionscnaimh agus Tuairisc ar Chomhaid.

- Bhí ionadaíocht i gcónaí ag an Oifig ar an mBord Tionscadal agus ar an bhFoireann Meastóireachta agus sholáthair tacaíocht eile riachtanach don Chóras Uathoibríoch d'Aithint Méarlorg (AFIS). Tá sé le hathrú ó chóras láimhe go córas leictreonaic agus síníodh Conradh i gcaitheamh na bliana chun é a fhorbairt. Cuirfear feabhas ar an gcóras seo trí mhéarloirg a sheoladh go huathoibríoch go dtí bunachar sonraí lárnach méarlorg an Gharda agus go dtí EURODAC.
- Ceapadh Deasc Chabhrach speisialta do cheisteanna staitistiúla le linn 2006. Éascaíonn sé logáil ceisteanna, tuairisc a choimeád orthu agus freagraí ar cheisteanna agus ar iarratais ar féidir iad a chur díreach chuig an bunachar sonraí le ríomhphost.
- Athdhearadh láithreán gréasáin na hOifige go hiomlán agus leasaíodh é i gcaitheamh na bliana. Soláthraíonn an láithreán gréasáin seo atá cairdiúil le húsáideoirí eolas cothrom le dáta do chustaiméirí maidir leis an Oifig agus ar an bpróiseas tearmainn.

Forbairtí Corparáideacha

- Cuireadh tús le hobair ar ullmhú an chéad Ráitis Straitéisigh eile don Oifig don tréimhse 2007-2009.
- Príomhghé dár bpleanáil ghnó sa bhliain 2006 ab ea Bainistiú Rioscaí agus Measúnú Rioscaí. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an gClárleabhar Rioscaí agus coimeádadh é faoi athbhreithniú i gcaitheamh na bliana.
- Chun a chinntiú go ngéillimid go hiomlán d'fhorálacha an Acht Míchumais 2005, seo mar a rinne an Oifig i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais
 - ullmhaíodh tuarascáil agus plean gníomhaíochta i dtaca le teacht ar sheirbhísí agus ar eolas ón Oifig agus lena chois sin
 - ullmhaíodh plean chun na moltaí a rinneadh san iniúchadh rochtana ar ár bhfoirgnimh sa bhliain 2005 a chur chun feidhme.





3

Ráiteas Straitéise 2004-2006

Dul Chun Cinn Maidir le
Spriocanna Ardleibhéil



Sprioc Ardleibhéil 1

Iarratais ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh a imscrúdú laistigh d'íostréimhsí ama.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2004-2006

- *Táirgiúlacht optamach a bhaint amach maidir le hiarratais a phróiseáil do dhearbhú ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh, laistigh d'íostréimhse ama agus san ord tosaíochta a cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*
- *Dul i ngleic go hiomlán agus go héifeachtach le leasuithe ar Acht na nDídeanaíthe.*

Dul chun cinn ar sprioc agus cuspóirí i 2006

- Bhí 1,169 cás fós idir lámha ag tús 2006. Shroich próiseáil iarratas stádas reatha go luath sa bhliain. Fuarthas 4,314 iarratas le linn 2006 arb ionann é sin agus laghdú imeallach ar an 4,323 a fuarthas i 2005. Faoi dheireadh 2006 bhí 924 fós idir lámha. Ach i gcás cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile, bhí gach cás eile sceidealaithe le haghaidh agallaimh nó ag feitheamh ar chinneadh. Bhí 79% de na hiarratais a fuarthas le linn 2006 tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.
- Sa bliain 2006, próiseáladh 32% de na hiarratais ar fad, nó geall leis, faoin Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire a tugadh isteach le reachtaíocht i Meán Fómhair 2003. Sceidealáodh gach iarratas tosaíochta nach mór (ach cásanna nach féidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna láidre eile) le haghaidh agallaimh idir 9 agus 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de 5 go 8 lá oibre eile, rud a thug am iomlán próiseála de 17 go 20 lá oibre.
- Tugtar dátaí agallaimh do gach cás eile ar dháta a n-iarratais (ach cásanna nach féidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna láidre eile). Ba ghnáthach dátaí agallaimh a sceidealú

25 lá oibre ó dháta an iarratais agus an cás a chríochnú laistigh de 20 go 25 lá oibre eile, rud a thug am iomlán próiseála de 8 go 10 seachtaine. Ach i ngeall ar laghdú ar líon na n-oibríthe cásanna leithleach, cuireadh síneadh beag leis an tréimhse ama le haghaidh próiseáil na gcásanna seo sa ráithe dheireanach.

- Tugann an Oifig tosaíocht d'iarratais ar thearmann a fhaightear ó dhaoine atá faoi choinneáil. Sceidealáítear na hiarratais seo de ghnáth le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaítear iad laistigh de 5 go 8 lá oibre eile, rud a thugann am iomlán próiseála de idir 17 agus 20 lá oibre. I gcaitheamh 2006, ba ó dhaoine a bhí faoi choinneáil a fuarthas 243 de na hiarratais arb ionann é agus breis is 5% de na hiarratais ar fad. Bhí idirchaidreamh ar siúl i gcónaí idir an Oifig agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) agus Biúró Náisiúnta Inimisce an Gharda (GNIB) chun próiseáil éifeachtúil na n-iarratas seo a chinntiú.
- Sholáthair an Oifig seirbhís ateangaireachta agus aistriúcháin i mbeagnach 80 teanga difriúil mar a d'iarr iarrthóirí. I gcaitheamh 2006, ceapadh córais agus nósanna imeachta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla leis na soláthraithe seirbhíse chun láithreach ateangaire a chinntiú ag na hamanna riachtanacha. Féadann neamhfhiahteacht ateangairí i dteangacha áirithe a bheith ina deacracht. Téann sé sin i gcion ar phróiseáil tráthúil roinnt cásanna toisc go gcaithfear agallaimh shubstaintiúla a chur siar uaireanta.
- Síordhúshlán is ea éagsúlacht an ualaigh chásanna ina bhfuil iarrthóirí ag teacht ó bhreis is 90 tír difriúla. D'éirigh cásanna níos casta agus bhí cinn ann a d'éiligh níos mó ná agallamh substaintiúil amháin. Ba mhinic a éilíodh teidil iolracha. Thaispeáin próifíl na n-iarrthóirí go raibh líon beag, ar an iomlán, fós ag teacht ó gach tír. Cé go bhfuarthas iarratais ó 91 tír, ní raibh ach 44 tír san iomlán a raibh breis is 10 n-iarrthóir an ceann acu. De na hiarratais a bhí fós amuigh ag deireadh na bliana ní raibh ach 22 tír a raibh breis is 10 n-iarrthóir acu. Ba iad na príomhchúig thír iarratais i 2006 an Nigéir, an tSúdáin, an Rómáin, an Iaráic agus an Iaráin.
- Bhí Oiliúint do Chinneadh Stádas Dídeanaí á hoiúint agus á rolladh amach don fhoireann i gcónaí i gcaitheamh na bliana chun cuntas a thógáil d'éagsúlacht an ualaigh cásanna. Rinneadh beagán leathnaithe forbartha ar chleachtais oibre ag tús 2006 chun agallaimh níos éifeachtaí agus níos fócasaithe a sholáthar chomh maith le tuilleadh tacaíochta a sholáthar d'oibríthe cásanna leithleacha.

- I ngeall ar éagsúlacht ár n-ualach cásanna, níl sé indéanta anois d'oibríthe cásanna leithleacha a bheith ina speisialtóirí ar roinnt bheag tiortha, mar ab amhlaidh roimhe seo. Dá bhrí sin, bhí gá le béim níos mó a chur ar thacaíocht níos lárnaí a sholáthar d'agallóirí agus do chinnteoirí. Cuireadh béim ar ullmhúchán réamhagallaimh, Eolas faoi Thír Tionscnaimh (COI) a bheith cothrom le dáta agus eolas ar Chinneadh Stádas Dídeanaí (RSD) a bheith bainteach le cineál cáis an iarrthóra aonair. Cabhraíonn sé seo le hoibríthe cásanna leithleacha agallaimh fócasaithe a chur i gcrích go háirithe nuair a fhaightear ar ais ceistneoirí iarratais neamhiomlána agus/nó le heolas teoranta.
- Tugadh Rialacháin nua isteach i nDeireadh Fómhair 2006 chun éifeacht a thabhairt i ndlí na hÉireann d'íoschaighdeáin rialachais Threoir an AE maidir le stádas dídeanaí a chinneadh mar aon le cosaint chúnta. Ba bheag tionchar a bhí ag an reachtaíocht ar ghnó na hOifige mar go sáraíonn a próisis chinnidh cheana féin na híoschaighdeáin a fhorordaíonn na Rialacháin seo. Ní gnó don Oifig seo iarratais ar chosaint chúnta. Tá siad á bpróiseáil i láthair na huaire, ag céim níos deireanaí, ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS). Rinne an Oifig mionathruithe ar bhileoga eolais agus chuir fógra chuig iarrthóirí maidir leis na hathruithe reachtúla. Lena chois sin, cuireadh mionteagaisc ar fáil don fhoireann le cinntiú go raibh siad ar an eolas go hiomlán mar gheall ar fhorálacha na reachtaíochta nua.
- Sa bhliain 2006 tháinig méadú leanúnach de 23% ar fhiigiúr 2005 ar líon na gcásanna ar déileáladh leo faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II – córas ar fud an AE faoina gcinntítear cén tír atá freagrach as iarratas a phróiseáil. Rinneadh 540 cinneadh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2006. B'ionann seo agus méadú 128% ó tugadh isteach EURODAC agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2003. Ag an am céanna, fuair Éire 137 iarratas Rialachán Bhaile Átha Cliath II san iomlán ó Bhallstáit eile chun éilimh ar thearmann a phróiseáil sa tír seo. Ba bheag tionchar, má b'ann dó, a bhí ag tabhairt isteach EURODAC agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II ar líon na n-iarratas isteach.
- D'athbheithnigh Aonad Bhaile Átha Cliath a nósanna imeachta agus d'athailínigh acmhainní chun próiseáil ghasta ar chásanna a chinntiú. Faoi dheireadh na bliana bhí an t-am a thógann sé chun gnáthchás a phróiseáil faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II tar éis titim go 27 lá oibre ó 75 lá oibre níos luaithe sa bhliain. Ach tógann cásanna casta níos mó ama go háirithe nuair a bhíonn níos mó ná tír amháin i gceist.
- Ó lúil 2006 i leith, i bhforbairt eile ar nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath II na hOifige, faigheann gach iarrthóir atá mar ábhar le meaitseáil méarloirg ar EURODAC fógra i scríbhinn á rá seo leo agus ina dteanga féin, áit is féidir. Tugtar an fógra seo d'iarrthóirí tar éis chríoch a n-agallaimh thosaigh (agallamh Alt 8). Lena chois sin, tugtar cóip de chomhad an iarrthóra d'ionadaithe dlíthiúla an iarrthóra lena n-áirítear sonraí EURODAC roimh aon chinneadh deiridh a ghlacadh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II sa chás.
- Bhí nósanna imeachta á gceapadh i gcónaí laistigh den Aonad Athaontú Teaghligh chun a chinntiú go n-imscrúdaítear iarratais go tráthúil de réir fhorálacha Acht na nDídeanaíthe. Críochnaíodh gach ceann de chomhaid 2005 a fuarthas san Aonad agus faoi dheireadh 2006 bhí stádas reatha sroichte agus bhí deireadh le riaráiste. Fuair an Oifig 483 iarratas ar Athaontú Teaghligh i 2006, arb ionann sin agus laghdú de 13% ar iomlán 2005. I gcaitheamh na bliana próiseáladh 679 iarratas go críoch, arb ionann sin agus méadú 77% ar iomlán 2005.
- Cuid thábhachtach de phróiseáil iarratas ná spriocdhátaí daingne a chur i bhfeidhm d'aistriú agus do chóipeáil comhad. I gcaitheamh na bliana cuireadh feabhas ar nósanna imeachta oibre agus líomhchóiríodh iad le córais phrofála dearbhú cáilíochta chun ardchaighdeán leanúnach a chinntiú sa tseirbhís cóipeáil agus clárú comhad.
- Cuireadh tús le dhá cheann de threoirscéimeanna le linn 2006 chun oiriúnacht ríomhairí glúine agus Digimemos a chinneadh le húsáid ag agallaimh shubstaintiúla le hiarrthóirí ar thearmann. I ndiaidh an dá theicneolaíocht a chur i gcomparáid, fuarthas gurbh éifeachtaí agus tiosaí ó thaobh acmhainní na ríomhairí glúine. Tá roinnt comhaltaí foirne a bhfuil na ríomhairí glúine in úsáid acu cheana féin. Déanfar tuilleadh ullmhúcháin (tríd an fhoireann a uas-sciliú ar scileanna méarchláir) chun gur féidir a n-úsáid a leathnú ar fud na n-aonad próiseáil cásanna le linn 2007.

Spríoc Ardleibhéil 2

An caighdeán imscrúdúcháin agus cinnteoireachta is airde a fhorbairt.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2004-2006

- *Ardchaighdeán leanúnach a bhaint amach in imscrúdú iarratas.*
- *Ardchaighdeán leanúnach a bhaint amach sa chinnteoireacht.*
- *Nósanna imeachta cóir agus oscailte a bheith i bhfeidhm.*

Dul chun cinn ar sprioc agus cuspóirí i 2006

- I gcaitheamh 2006, rinne an Oifig tuilleadh forbartha ar chórais Dearbhú Cáilíochta a bhí ann cheana sna haonaid ar fad chun na caighdeán is airde imscrúdúcháin agus cinnteoireachta a chinntiú i dtaca le stádas dídeanaí a chinneadh. Sa mhéid seo, athbhreithníodh agus nuashonraíodh na cleachtais agus na nósanna imeachta a bhí ann cheana. Tugadh córais nua dearbhú cáilíochta isteach i roinnt réimsí. Faoi na córais seo déantar seiceálacha aonair ag céimeanna difriúla den phróiseas tearmainn chun comhsheasmhacht agus cáilíocht a chinntiú sa chinnteoireacht. Cinntíonn modh aiseolais chomh maith go gcuirtear cinnteoirí agus lucht déanta beartais na hOifige ar an eolas mar gheall ar cheisteanna a thagann chun cinn in agóidí Athbheithniú Breithiúnach mar aon le torthaí cásanna mar iad nuair a éistear iad.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar chóras taighde réamhagallaimh agus daingníodh é le linn 2006. Próifíltear cásanna mar chuid den phróiseas ullmhúcháin réamhagallaimh. Faoi gcóras seo déantar anailís chúramach ar éilimh iarrthóirí, próifíltear a dtír tionscnaimh, ullmhaítear ábhar cuí COI a bhaineann lena gcás agus scrúdaítear na forais ráite roimh an agallaimh shubstantiúil. Ceann de chuspóirí an chórais ná trédhearcacht agus cothromaíocht a chinntiú sa phróiseas agallóireachta. Ciallaíonn sin go mbíonn agallóirí ullamh go maith chun agallamh níos

fócasaithe agus níos déine a chur ar iarrthóirí agus bíonn sé níos fusa orthu breis eolais a fháil ó iarrthóirí. Tugann an córas seo gach deis d'iarrthóirí a dtuairimí a thabhairt maidir le tátail a d'fhéadfaí a bhaint mar chuid den phróiseas cinneadh dídeanaí.

- Rinne an Oifig idirchaidreamh rialta le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe i gcaitheamh na bliana d'fhonn cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú i gcónaí chun go mbeidh an chinnteoireacht cóir, láidir agus ar ardchaighdeán. Lena chois sin, ceapadh creat i dtaca le tuairiscí míochaine-dlíthiúla ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe i gcomhar leis an Oifig, le RAT, le RLS agus le SPIRASI. Éascóidh na tuairiscí seo an próiseas cinnidh stádas dídeanaí i dtaca le hiarrthóirí a éilíonn gur íospartaigh céasta agus mhí-úsáide iad chomh maith le cur chuige aonfhoirmeach agus comhthuisctint a bhunú idir na háisineachtaí éagsúla.
- Gné ríthábhachtach de chóras oscailte agus cóir is ea seirbhís ateangaireachta agus aistriú dóiciméad ar ardchaighdeán a sholáthar. Ligeann sé d'iarrthóirí a gcás a mhíniú go hiomlán ag gach céim den phróiseas tearmainn. Athnuadh na conarthaí don dá sheirbhís seo i gcaitheamh na bliana.
- Bhí 100 tír nach mór inár n-ualach cásanna agus cuireadh aistriúcháin agus ateangaireacht ar fáil i mbreis is 76 teanga. Lena chois sin, ba ghá ateangairí a thabhairt ó thíortha thar lear agus/nó ateangaireacht teileafóin a úsáid i roinnt cásanna.
- Tháinig Grúpa Athbhreithnithe Dearbhú Cáilíochta a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó Phróiseáil Cásanna agus ó aonaid tacaíochta Phróiseáil Cásanna le chéile chun nósanna imeachta próiseáil cásanna a athbhreithniú. Tuairiscíodh tátail agus moltaí an ghrúpa do lucht bainistíochta próiseáil cásanna agus rinneadh cuid de chlár oiliúna na hOifige maidir le cinneadh stádas dídeanaí díobh, agus le cabhair ó mhodhanna aiseolais idirsonaid chabhraigh siad chun riachtanais oiliúna a aithint maidir le próiseáil cásanna. Scrúdaigh an Oifig cinntí na hArd-Chúirte agus an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe chun aon mhionathruithe riachtanacha a aithint agus bonn eolais a chur faoi na mionathruithe sin, má b'ann dóibh, ar ár mbeartais agus nósanna imeachta.
- Chun cinntí ar ardchaighdeán leanúnach a chinntiú cheapamar doiciméad straitéis oiliúna a leag amach cuspóirí oiliúna sa ghearrthearma agus san fhadthearma. San áireamh sa chlár oiliúna a cuireadh ar fáil i gcaitheamh na bliana do chomhaltáí foirne a bhí bainteach le himscrúdú agus cinneadh éileamh bhí;

- Oiliúint i gCinneadh Stádas Dídeanaí (RSD), Ionduchtúchán Sainiúil do Chásanna Leithleacha agus Oiliúint Taighde Thír Tionscnaimh d'oibrithe cásanna leithleacha agus do chinnteoirí nua;
 - Oiliúint idirghníomhaireachta maidir le mionaosigh agus páistí scartha gan tionlacan arna éascú ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe;
 - Mionteagaisc maidir leis na rialacháin nua a rialaíonn íoschaighdeáin chun stádas dídeanaí a chinntiú agus maidir le cosaint chúnta.
- Mar aitheantas go bhfuil grúpaí áirithe soghorthaithe ann a bhfuil riachtanais speisialta acu sa phróiseas tearmainn, ceapadh tuilleadh bearta agus córais chun déileáil le hiarratais ó ghrúpaí mar iad. Cuireadh oiliúint speisialaithe idirghníomhaireachta ar fáil ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe do roinnt oibrithe cásanna leithleacha. Chabhraigh sé seo leo déileáil le páistí a bhí gan tionlacan agus páistí scartha a bhí ag éileamh tearmainn agus iad a phróiseáil go héifeachtach agus go cóir. Bhí na gníomhaireachtaí ar fad a mbíonn baint acu le mionaosigh gan tionlacan agus le páistí scartha rannpháirteach san oiliúint seo.
- Dearbhphrionsabal lárnach den imscrúdú agus den chinnteoireacht is ea Eolas Thír Tionscnaimh (COI) cothrom le dáta agus cruinn agus cuireann sé le caighdeán na cinnteoireachta. I gcaitheamh 2006, bhí an Oifig ag ceapadh, ag mionathrú agus ag leasú a sonraí Thír Tionscnaimh chun a chinntiú go raibh eolas cothrom le dáta agus barántúil ar fáil chun ceisteanna a phlé le hiarrthóirí ag a n-agallaimh shubstaintiúla agus ina dhiaidh sin sa phróiseas cinnteoireachta.
- Tá teacht furasta ag gach cinnteoir san Oifig ar fhoinse COI cothrom le dáta ar nós bunachar sonraí agus leabharlann an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaí (RDC), pacáiste *Refworld* de chuid Rannóg Chosaint Eolais Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, Líonra Tíortha Tionscnaimh na hEorpa ag ECOI.net agus ar fhoinse barántúla eile COI. Déanann an RDC taighde COI ar son na hOifige chomh maith.
- Tiomsaíodh Tuarascáil Mhíosúil Monatóireachta COI chun próifíl leantach a sholáthar ar chineálacha cásanna reatha a aithnítear ó iarratais tosaigh iarrthóirí. Soláthraíonn sé seo eolas reatha éifeachtach bainistíochta ar na cineálacha éileamh, treochtaí agus tíortha atá ag giniúint dídeanaithe. Éascaíonn na tuarascálacha seo chomh maith an próiseas taighde réamhagallaimh, na ceisteanna ar ghá díriú orthu leis na hiarrthóirí ag a n-agallamh substaintiúil agus aithníonn siad aon taighde eile atá ag teastáil.
- I gcaitheamh 2006, d'fhan an Oifig cothrom le dáta maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr trí a bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre de na Comhairlithe Idir-Rialtasacha ar Chúrsaí Tearmainn agus Inimirce (IGC) agus de Líonra an Aontais Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn (Eurasil). Bhí an Oifig rannpháirteach go gníomhach i gcrúnnithe de Choiste Bhaile Átha Cliath II a thagann le chéile faoi choimirce Choimisiún na hEorpa.
- Bhí dlúthchaidreamh leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC) i 2006, agus bhí ionadaíocht againn ar Choiste Stiúrtha RDC chun a chinntiú go ndéanfar comhlíonadh ar ár riachtanais ar fad. Tá bunachair sonraí an COI agus bunachair sonraí Ceiste an RCD ar fáil anois d'oibrithe cásanna leithleacha na hOifige.
- Ag tús 2006 bhí 79 cás neamhréirithe d'iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ag déanamh agóide in aghaidh phróisis agus nósanna imeachta na hOifige. Tionscnaíodh 233 cás eile i gcaitheamh na bliana – méadú de 73% ar an 135 a tógadh sa bhliain 2005. Cuideachta dlíodóirí amháin ab údar le leath na n-iarratas iomlán i 2006, nach mór. Léiríonn an méadú méadú ginearálta ar iarratais ar athbhreithniú breithiúnach sna réimsí tearmainn agus inimirce. In ainneoin an riachtanais le haghaidh 'forais shubstaintiúla' le haghaidh cead a chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh faoi Alt 5.2 den Acht um Imircigh Mídhleathacha (Gáinneáil) 2000 b'annamh a diúltaíodh cead.
- Críochnaíodh 63 ceann d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach (JR) sa bhliain 2006. Bhí 249 cás san iomlán ag feitheamh ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte ag deireadh na bliana. Dhírigh formhór na n-agóidí JR i gcaitheamh na bliana ar éilimh:
- Gur chóir caitheamh le hiarratais páistí mar iarratais ar leith ó iarratais a dtuismitheoirí;
 - Nár chóir caitheamh le páistí a rugadh in Éirinn mar náisiúnaigh de thír tionscnaimh na dtuismitheoirí chun chríoch a n-éileamh ar thearmann;
 - Nár cuireadh ceisteanna maidir le hEolas ar Thír Tionscnaimh agus ceisteanna creidiúnachta faoi bhráid iarrthóirí le linn agallamh Alt 11.

- Sa chás go bhfuilimid sásta gur dearnadh earráid nó easnamh a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thoradh an imscrúdaithe ní chuirtear in aghaidh athbhreithniú breithiúnacha ar mhaithe le cothroime agus luas. I gcásanna mar iad, is é beartas na hOifige ná teacht ar shocrú comhaontaithe gan mhoill.
- Rinneadh roinnt breithiúnas tábhachtach maidir le hAthbhreithnithe Breithiúnacha i 2006 a chuaigh i gcion ar an Oifig.
 - Cinneadh faoi Bhreithiúnas B nach raibh sé de chumhacht ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe imscrúdú ar iarratais ón Iarác a chur ar fionraí le linn an chogaidh san Iarác go dtí gur cobhsaíodh cúrsaí sa tír sin.
 - Cinneadh faoi Bhreithiúnas R gur ghéill aon mholadh de chuid an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe do chinneadh ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT). Dá bhrí sin, ní féidir moladh de chuid na hOifige a athbhreithniú go breithiúnach tar éis do RAT cinneadh a dhéanamh ar an iarratas.
 - Cinneadh faoi Bhreithiúnas H gur ghéill an modh a d'úsáid an Oifig chun agallamh substaintiúil a thairfeadh do nósanna imeachta córa. Fuarthas chomh maith nach bhfuil sé de cheart uathoibríoch ag iarrthóir a n-agallamh Alt 11 a thairfeadh go leictreonach.

Spríoc Ardleibhéil 3

Cuidiú le caomhnú iomláine an phróisis tearmainn.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2004-2006

- *Na hiarrthóirí sin ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint chomh luath agus is féidir, ar mhodh daingean cóir.*
- *Mí-úsáid an phróisis tearmainn a bhrath agus a íoslaghdú.*
- *A bheith mar ionadaí ag an gCoimisinéir ag éisteachtaí achomhairc ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe.*

Dul chun cinn ar sprioc agus cuspóirí i 2006

- I gcaitheamh 2006 choinnigh an Oifig na hamanna próiseála luathaithe a baineadh amach sa bhliain 2005 maidir le hiarratais a tháinig faoin treoir bheartú tosaíochta. Próiseáladh gach cás eile laistigh de na híosstréimhsí ama. Ach i dtreo dheireadh na bliana i ngeall ar laghdú i líon na n-oibríthe cásanna leithleacha cuireadh síneadh leis an tréimhse do phróiseáil na gcásanna sin.
- Iarrthóirí ar theip orthu comhoibriú nó a theacht i láthair dá n-agallamh substaintiúil agus/nó ar theip orthu eolas a sholáthar a bhain lena n-iarratas ar thearmann, measadh gur tarraingíodh siar a n-iarratas laistigh de 4 lá oibre ó dháta a n-agallamh substaintiúil (ach sa chás gur léiríodh údar réasúnta le gan a bheith i láthar ag agallamh agus/nó gan comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn). Sa bhliain 2006, bhí 490 cás dá leithéid as iomlán de 4,244 moltaí tearmainn a rinneadh i gcaitheamh na bliana.

- Aithníodh roinnt iarrthóirí nár thuill cosaint idirnáisiúnta agus/nó stádas dídeanaí de réir fhorálacha Acht na nDídeanaithe. Orthu seo bhí cásanna mar a raibh forais thábhachtacha le ceapadh go raibh na hiarrthóirí ciontach i gcoireanna mórchúiseacha ar nós coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus/nó coireanna mórchúiseacha neamhpholaitiúla roimh theacht chuig an Stát seo dóibh. Breathnaítear ar fhorálacha mar seo mar chásanna “clásáil eisiachais”.

Tá treoir faighte ag oibríthe cásanna leithleacha agus ag Oifigigh Láithreoireachta maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint agus na cásanna seo á n-aithint agus conas an chlásáil eisiachais a chur i bhfeidhm sna moltaí ina dtuairiscí don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ag éisteachtaí ó bhéal ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe.
- Tionscnaíodh treoirthionscadal anailís teanga sa bhliain 2005. Ba í aidhm an tionscadail ná éifeachtacht anailís ar theanga a mheas mar bhealach chun náisiúntacht agus pobal teanga ráite iarrthóra a fhóru. Rinneadh meastóireacht ar luach uirlis anailíse ar theanga sa phróiseas cinneadh dídeanaí sa bhliain 2006. Socraíodh gur féidir le hanailís ar theanga cuidiú le hoibríthe cásanna leithleacha anois is arís nuair a bhíonn neamhchinnteacht mar gheall ar náisiúntacht iarrthóra lárnach don chinneadh agus nuair a chuirtear an anailís i gcumasc le míreanna eile den imscrúdú.
- Chabhraigh sé go mór córas EURODAC a úsáid chun comparáidí a dhéanamh idir méarloirg iarrthóirí agus iad siúd atá stóráilte go lárnach i Lucsamburg san iarracht mí-úsáid an chórais tearmainn a bhrath trí iarrthóirí a rinne iarratais i dtíortha eile roimhe seo a aithint. Léiríú soileir ar bhuntáistí chóras EURODAC is ea an méadú bliain i ndiaidh bliana ar leibhéal na gcinntí faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II ó 2003 go 2006 – mar atá leagtha amach sa tuarascáil ar dhul chun cinn faoi Sprioc Ardleibhéil 1.
- Le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 de réir Acht na nDídeanaithe, 1996, d'aistrigh an cúram maidir le taifead de mhéarloirg a choinneáil ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.
- I gcásanna go raibh amhras ar an Oifig mar gheall ar bharántúlacht doiciméad aitheantais a tugadh dóibh ag iarrthóir, atreoraíodh iad go dtí Biúró Teicniúil an Gharda le haghaidh scrúduithe. I roinnt cásanna bhí ar chumas an Bhiúró a dhearbhu nach raibh na gnéithe riachtanacha slándála i láthair agus dhearbhaigh go rabhthas tar éis baint leis na doiciméid.
- Rinne Oifigigh Láithreoireachta ionadaíocht ar son an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag 1,833 éisteacht de chuid an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe.
- Rinne an Binse Achomharc do Dhídeanaithe roinnt iarratas ar eolas breise faoi alt 16(6) d'Acht na nDídeanaithe agus sholáthair tuairimí ar fhorais achomhairc faoi alt 16(7). I gcoitinne, déileáladh le hiarratais mar iad laistigh de 10 lá oibre.

Sprioc Ardleibhéil 4

An eagraíocht agus a hacmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ag féachaint go háirithe d'fhorás na foirne agus do sheachadadh seirbhísí den scoth do chustaiméirí.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2004-2006

- *Creataí pleanála na hOifige a fhorbairt lena n-áirítear na creataí straitéiseacha, pleanáil ghnó agus feidhmíocht aonair chun tacú le feidhmíocht optamach na heagraíochta.*
- *Daonacmhainní a bhainistiú chun riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais foráis na foirne a chomhlíonadh*
- *Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur á seachadadh*
- *Úsáid theicneolaíocht an eolais a uasmhéadú.*
- *Úsáid éifeachtach na n-acmhainní airgeadais a uasmhéadú*

Dul chun cinn ar spriocanna agus cuspóirí i 2006

Pleanáil Ghnó

- Ullmhaíodh Pleananna Gnó i 2006 i ngach aonad ag tús na bliana. Leag na Pleananna Gnó seo béim láidir ar stádas reatha a choimeád agus ar iarratais ar thearmann, cásanna Rialachán Bhaile Átha Cliath II agus iarratais ar athaontú teaghlaigh a phróiseáil go pras agus go héifeachtúil. Gné eile den phróiseas pleanáil ghnó ná measúnú ar bhainistíocht riosca agus cur i bhfeidhm na maoluithe agus na bpleananna teagmhasacha riachtanacha chun iarmhairtí na rioscaí a mhaolú dá dtitfidís amach. Gné shean-bhunaithe de chuid Phleanáil Ghnó na hOifige faoin am seo is ea rioscaí féideartha don eagraíocht a aithint go luath.

- Tagann an Grúpa Bainistíochta Dearbhú Cáilíochta do Mheasúnú Riosca, a bunaíodh i 2004, le chéile dhá uair sa bhliain i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair. Is é ról an ghrúpa seo athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar ár gcleachtais agus córais Dearbhú Cáilíochta, chomh maith le ceisteanna a bhreithniú i dtaca leis an tseirbhís inmheánach do chustaiméirí agus rioscaí eagraíochtúla. I ndiaidh na n-athbhreithnithe seo, cuirtear moltaí an Ghrúpa i bhfeidhm go pras. Féadfaidh sé sin a bheith mar chúis le mionathrú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta agus maoluithe a chur i bhfeidhm chun teora a chur le hiarmhairtí iomlána rioscaí aitheanta dá dtitfidís amach nó iad a choinneáil uainn. Mar thoradh ar chruinnithe i 2006, bunaíodh buanaonad Dearbhú Cáilíochta. Na téarmaí tagartha atá aige ná córais Dearbhú Cáilíochta na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh agus a dhéanamh foirfe. Lena chois sin, cuireadh bearta i bhfeidhm chun teora a chur le hiarmhairtí rioscaí eagraíochtúla aitheanta.
- Cuireadh Córais Forbairt Bhainistíochta ar Fheidhmíocht (PMDS) agus imeascadh iomlán PMDS le beartais agus próisis daonacmhainní i bhfeidhm go hiomlán i 2006. Rolladh amach oiliúint PMDS don fhoireann ar fad i gcaitheamh na bliana. Maidir leis seo, cuireadh béim shuntasach ar na naisc idir phleananna straitéiseacha, pleananna gnó agus foirmeacha aonair Phróifíl Róil na hOifige.

Comhpháirtíocht

- Tá an próiseas comhpháirtíochta a bunaíodh san Oifig i 2003 neadaithe go maith san eagraíocht faoin am seo agus tá ról ríthábhachtach aige i gcónaí maidir le seachadadh na n-athruithe agus an nua-chóirithe a samhlaíodh i gcreataí Dul Chun Cinn a Chothúl agus *I dTreo 2016*. Cuirtear coiste nua comhpháirtíochta ar bun gach bliain ar a mbíonn ionadaithe foirne, ceardchumainn agus lucht bainistíochta. I mbliana bunaíodh an ceathrú coiste dá shórt i mí Mheán Fómhair.
Brostaíodh an obair ar roinnt ceisteanna i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear:
 - Comhpháirtíocht a phríomhshruthú mar bhealach chun dul i mbun gnó.
 - Athbhreithniú ar an Straitéis do Chumarsáid Inmheánach agus ceapadh Straitéis do Chumarsáid Sheachtrach.
 - Plean Gníomhaíochta le haghaidh Suirbhé ar Aeráid na hEagraíochta a athbhreithniú agus a aontú.

- Coiste Comhionannais a bhunú ag éirí as moltaí an Ghrúpa Oibre Comhionannais.
- Bunú Coiste Athstruchtúraithe na hOifige chun tograí foirne a mheas maidir leis an gcaoi ar chóir don Oifig dul i mbun forbartha chun cásanna a phróiseáil ar bhonn reatha.
- Cód Cleachtais a cheapadh chun an Acht Míchumais a chur i bhfeidhm.
- Grúpa oibre a bhunú chun tionscadail bailithe airgid a rith chun cabhrú le pobail áitiúla.
- Sholáthair an coiste tuairimí chomh maith ar dhoiciméid chorparáideacha na hOifige.
- Ceapadh agus brostaíodh roinnt tionscnamh i gcaitheamh 2006 chun an chomhpháirtíocht a neadú tuilleadh san Oifig. Ar na tionscnaimh seo bhí foghlaim san ionad oibre, éagsúlacht agus cothromaíocht idir saol na hoibre agus an saol lasmuigh a chur chun cinn mar aon le bainistiú ar athrú ar bhealach comhpháirtíochta trí chumas bainisteoirí, foirne agus ceardchumann a neartú chun athrú a thabhairt isteach agus a bhainistiú go réamhghníomhach chomh maith le dul i ngleic le dúshlán.

Daonacmhainní/Oiliúint

- Bhí cur chun feidhme na Straitéisí Daonacmhainní agus Oiliúint & Forbartha (2005-2008) ar siúl i gcónaí agus tugadh raon leathan gealltanais chun críche nó brostaíodh iad. Tugtar srac-chuntas thíos ar na príomhphointí. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme na Straitéisí agus tuairiscítear uirthi i dtuairiscí míosúla ar an bPlean Gnó agus sa Tuarascáil Bhliantúil. Lena chois sin tugadh an chéad tuarascáil maidir le dul chun cinn ar an Straitéis Daonacmhainní chun críche agus scaipeadh é ar an gCoiste Comhpháirtíochta agus ar an bhfoireann ar fad go luath i 2006.
- Coimeádadh acmhainní foirne na hOifige faoi athbhreithniú leanúnach ag leibhéal an Aonaid agus ag leibhéal na heagraíochta araon agus rinneadh athleithdháileadh agus atheagrú ar acmhainní go hinmheánach ar roinnt ócáidí chun riachtanais ghnó a bhí ag athrú a chomhlánadh. Lena chois sin, d'aitreogh an eagraíocht tríocha post san iomlán chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcaitheamh na bliana, rud a thug go 87 líon iomlán na bpost a aitreoíodh ó bunaíodh an Oifig.
- Laghdaíodh líon foirne an Aonaid Láithreoireachta de réir líon na n-éisteachtaí Achomhairc a sceidealaigh an Binse Achomharc do Dhídeanaithe i gcaitheamh 2006. Fostaíodh roinnt Oifigeach Láithreoireachta ar bhonn sealadach chun dul i ngleic le riaráistí i dTuarascálacha agus in Athbhreithnithe Breithiúnacha Alt 13.
- D'óstáil an Oifig mac léinn ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh mar intéirneach ar shocrúchán oibre ar feadh 14 seachtain idir Aibreán agus Meán Fómhair.
- Dréachtaíodh treoirscéim don R-Obair agus i ndiaidh dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhpháirtíochta fógraíodh é don bhfoireann sa chéad ráithe de 2006. Formheasadh aon iarratas déag agus cuireadh oiliúint ar na rannpháirtithe. Tá naonúr den bhfoireann ag r-obair san eagraíocht faoi láthair. Athbhreithneofar an treoirscéim tar éis di a bheith i bhfeidhm ar feadh naoi mí.
- Tugadh *Staff Guide on HR related matters* cuimsitheach chun críche agus scaipeadh ar an bhfoireann ar fad í. Cuireadh an Treoir i dtoll a chéile inti ag an Aonad Daonacmhainní agus tugann sí eolas ginearálta don bhfoireann ar choinníollacha seirbhíse, deiseanna foráis, seirbhísí tacaíochta, etc. Chuir an fhoireann fáilte roimh an Treoir.
- Bunaíodh Ionad Foghlama mar acmhainn oiliúna féin-fhoghlama don fhoireann. Tá raon leabhar ann ar thopaicí ábhartha atá nasctha den chuid is mó le hinniúlachtaí PMDS, mar aon le roinnt ábhar ar scileanna saoil agus roinnt CDanna d'fhoghlaim teangacha. Fógraíodh an acmhainn seo don fhoireann agus táimid sásta leis an úsáid atá á baint aisti.
- Mar obair leantach ar an Suirbhé ar Aeráid na hEagraíochta a rinneadh sa bhliain 2005, tugadh Plean Gníomhaíochta Eagraíochtúil chun críche agus d'fhormheas an Coiste Comhpháirtíochta é. Scaipeadh é ar an bhfoireann ar fad agus tá an obair ar siúl i gcónaí chun na gealltanais atá sa Plean a chur chun feidhme.
- Bhí seisiúin lóin agus foghlama á gcur ar fáil don fhoireann i gcónaí le linn 2006. Tugadh cainteanna mar thopaicí mar Cheisteanna Parlaiminte, An Scéim Tithíocht Inacmhainne, Dúlagar, Ag Déileáil le Méala/Cumha, Uachtaí agus Bainistiú Airgid. Socraíodh cainteanna ag am lóin chomh maith chun "An tSeachtain Idirchultúrtha" a cheiliúradh i mí an Mháirta. Ina measc seo bhí cainteanna ó Akidwa (Siúrachá ón Afraic) agus Ionad Chaitríona Mhic Amhlaoibh. Ceiliúradh Seachtain Frith-Chiníoch san Ionad Oibre

i Mí na Samhna chomh maith le caint ag am lóin ó ionadaí de chuid Ionad Taistealaithe Pavee Point. Lena chois sin, eagraíodh cainteanna eolais don fhoireann ar thopaic a bhaineann le pinsin agus sláinte (.i. Ranníocaíochtaí Breise Deonacha agus VHI).

- Mar thacaíocht bhreise don fhoireann, socraíodh a thuilleadh cuairteanna rialta ar an láthair ón Oifigeach Cuidithe Fostaithe i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, eagraíodh Clinicí Pearsanra i dtír fhoirgneamh na hOifige go rialta mar a raibh fostaithe ón Aonad Daonacmhainní ar fáil chun ceisteanna ón bhfoireann a fhreagairt.
- Eagraíodh scéim moltaí foirne a thug deis don fhoireann smaointe a chur ar aghaidh a rachadh chun leasa na heagraíochta. Rinneadh dhá cheann de dhámhachtainí faoin tionscnamh seo i gcaitheamh na bliana agus tá na moltaí á gcur chun feidhme i láthair na huair. Scrúdaíodh na moltaí eile agus cuirfear chun feidhme iad más cuí. Athbhreithneofar an scéim i 2007.
- Mar chuid dár dtiomantas leantach do Dhearbhú Cáilíochta, rinne an tAonad Daonacmhainní Suirbhé ar Chustaiméirí Inmheánacha féachaint cérbh é an leibhéal sástachta leis an tseirbhís uainn. Bhí torthaí an tsuirbhé an-dearfach ar fad agus thaispeáin gur réitíodh
88.6% de cheisteanna laistigh de thréimhse 3 uaire agus
gur rátáil 93% de fhreagróirí na seirbhísí a chuireann an tAonad Daonacmhainní ar fáil mar sheirbhís a bhí ar fheabhas/an-mhaith.
- I gcaitheamh na bliana bhí a Beartas agus a Clár Comhionannais á cur chun feidhme san Oifig i gcónaí agus réitíodh tuarascáil ar dhul chun cinn a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad. Ullmhaíodh Póstaeir Chomhionannais a aibhsíonn ár mbeartais chomhionannais agus cuireadh ar taispeánt iad ar láithreacha éagsúla i ngach ceann de na trí fhoirgneamh. Rinne an Coiste Comhionannais profáil ó thaobh comhionannais de ar an mbeartas R-Obair agus tugadh rolladh amach na hoiliúna i dtaobh Frith-Chiapadh, Ciapadh Gnéasach agus Feasacht i leith Bulaíochta don fhoireann ar fad chun críche. Cuirfear an oiliúint seo ar fáil mar chuid den phróiseas ionductúcháin do gach comhalta nua foirne ar bhonn leanúnach.
- Cuireadh Lá na Cothromaíochta idir Saol na hOibre agus an Saol Lasmuigh de chun cinn agus cuireadh le raon na scéimeanna do chothromaíocht idir saol

na hoibre agus an saol lasmuigh de a bhí ar fáil don fhoireann nuair a tugadh isteach treoirscéim R-Obair.

- Leanadh den chomhtháthú idir PMDS (Córas Bainistíocht agus Forbairt ar Fheidhmíocht) agus Beartais agus Próisis Daonacmhainní nuair a tugadh isteach samhail Aiseolas Aníos/Daonacmhainní Comhtháite. Eisíodh leabhrán eolais don fhoireann ar fad ina bhfuil eolas iomlán ar an gcóras nua, an cód cleachtais agus na teimpléid chineálacha. Rolladh amach oiliúint sa chóras don fhoireann ar fad i gcaitheamh na bliana. Bhí an Grúpa Feidhmithe PMDS, a bunaíodh i 2005, i mbun oibre i gcónaí agus bhí sé bainteach le gach gné den phleanáil don chéad chéim eile seo i PMDS.
- Bhí deiseanna ardchaighdeán oiliúna agus foráis á gcur ar fáil ag an Eagraíocht i gcónaí le linn 2006. Dréachaíodh Plean Bliantúil Oiliúna agus scaipeadh ar an bhfoireann é. Thóg an Plean cuntas de thosaíochtaí oiliúna eagraíochtúla agus de riachtanais oiliúna aonair a aithníodh ar fhoirmeacha PMDS. Cuireadh breis is 910 aonad oiliúna ar fáil don bhfoireann i gcaitheamh na bliana. Mar aon le seachadadh oiliúint oibríochtúil ar nós Cinneadh Stádas Dídeanaí, díríodh i 2006 ar cheapadh agus ar rolladh amach oiliúna ar Shamhail Aiseolas Aníos/Daonacmhainní Comhtháite agus dearadh agus seachadadh cúrsa Bainistíocht ar Fheidhmíocht agus Aschuir do na bainisteoirí ar fad. Cuireadh raon leathan de chúrsaí oiliúna eile ar fáil lena n-áirítear TE, scileanna cumarsáide, scileanna seomra cúirte, oiliúint treallúis, scileanna i seirbhís do chustaiméirí, bainistíocht maoirsithe, oiliúint don oiliúnóir, láimhseáil, garchabhair, bainistíú ama, scileanna scibhneoireachta, ionductúchán, PMDS, oiliúint teanga agus feasacht i leith idirchultúrachais.
- Iarradh ar bhall d'fhoireann oiliúna na hOifige éascú a dhéanamh ar roinnt modúl de Chomhdháil na nArd-Stiúrthóirí ar Sheirbhísí Inimisce (GDISC) i Maidrid i mí an Mheithimh, ag plé le forbairt Churaclam Tearmainn Eorpach le haghaidh oiliúint ar chinneadh stádas dídeanaí ar fud na mBallstát.
- Ceapadh clár oiliúna nua chun go bhféadfadh oibrithe cásanna leithleacha 'bréagéisteacht' achomhairc a fheiceáil. Dearadh agus forbraíodh an cúrsa seo i gcaitheamh na bliana. Tugann sé tuiscint agus feasacht d'oibrithe cásanna leithleacha ar na dúshláin a bhíonn i gceist i gcás a chur i láthair ag achomharc ó bhéal agus an tionchar a bhíonn ag a dtuarascáil Alt 13 ar an bpróiseas sin. Rolladh amach go rathúil

é do chuid den fhoireann i bPróiseáil Cásanna agus tá sé beartaithe é a sheachadadh do na hoibríthe cásanna leithleacha eile ar fad i 2007.

- Ceapadh bunachar sonraí nua PMDS ina bhfuil teimpléid de na foirmeacha éagsúla chun é a dhéanamh níos fusa ar an bhfoireann a bhfoirmeacha Próifíl Róil, Athbhreithniú Idirlinne agus Athbhreithniú Bliantúil a chruthú agus a stóráil. Tá sé seo á thástáil ag an nGrúpa Feidhmithe PMDS sula ndéantar é a rolladh amach don eagraíocht go luath i 2007.
- Cuireadh bunachar sonraí d'ábhair oiliúna i bhfeidhm chomh maith chun áis lárnach stórála a sholáthar le haghaidh gach ábhar oiliúna.
- Eagraíodh agallaimh sa dara cuid de 2006 chun comhaltaí foirne a roghnú a mbeadh spéis acu i dteacht isteach sa bhfoireann oiliúna intí. Cuireadh painéal de sheisear ar bun agus tháinig an chéad triúr ar an bhfoireann láithreach.

Seirbhís do Chustaiméirí

Bhí an eagraíocht ag cinntiú i gcónaí gur comhlíonadh na gealltanais a bhí sa Chairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí 2005-2008.

Brostaíodh roinnt de na gealltanais sa Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí i gcaitheamh 2006 lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Cuireadh na prionsabail agus na gealltanais atá sa Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí sna Pleananna Gnó do gach aonad agus déantar athbhreithniú rialta orthu.
- Tugadh isteach córais i gcaitheamh 2006 chun tuairisc a choimeád ar chomhfhreagras agus bunaíodh iad i ngach aonad. Dá bhrí sin coimeádtar tuairisc ar gach comhfhreagras a fhaightear ó iarrthóirí, ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara agus admhaítear é laistigh de 3 lá oibre de réir na spriocanna sa Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí. Eisíodh freagra iomlán, ar an meán, laistigh de 6 go 10 lá oibre.
- Phróiseáil ár nIonad Seirbhíse do Chustaiméirí (CSC) breis is 35,000 ceist ó chustaiméirí i 2006. Tugann Tábla A ag Agusín 5 miondealú ar chatagóirí na gceisteanna seo.
- Rinneadh Suirbhé ar Chustaiméirí san Aonad um Ghlacadh in Iúil 2006. Dhírigh an suirbhé ar chaighdeán na seirbhíse a thugtar d'iarrthóirí, cabhrachas na foirne, caighdeán na hateangaireachta agus an eolais a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí mar aon leis na háiseanna fisiceacha sa Limistéar um Ghlacadh a thomhas.
- Thaispeáin an suirbhé go raibh iarrthóirí an-sásta le caighdeán na seirbhíse. Go háirithe
 - dúirt 92.5% díobh siúd a ceistíodh gur caitheadh leo le cúirtéis agus le meas (níor fhreagair 6% de na hiarrthóirí eile ar dearnadh suirbhé orthu an cheist).
 - Dúirt 98% díobh siúd a ceistíodh gur bhraith siad go raibh an fhoireann cabhrach nó an-chabhrach.
 - Dúirt 98% díobh siúd a ceistíodh go raibh siad sásta leis an ateangaireacht (níor fhreagair an 2% eile).
- Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt do Chustaiméirí agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí sa ráithe dheireanach de 2006. Déanfar anailís ar thorthaí an athbhreithnithe i 2007 agus déanfar an dá dhoiciméad a leasú, más gá.
- Soláthraíonn Painéal Idirchaidrimh na hOifige do Sheirbhís do Chustaiméirí fóram chun dul i gcomhairle le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar raon leathan ceisteanna agus chun eolas a sholáthar do na heagraíochtaí neamhrialtasacha. Chomh maith le hollchruinnithe foirmiúla chuathas i gcomhairle leo ar roinnt ócáidí i gcaitheamh na bliana ar ceisteanna éagsúla.
- Soláthraíodh áis ar leith i 2006 chun iarratais a ghlacadh ó mhionaoisigh gan tionlacan agus ó pháistí scartha. I gcomhairle le FSS, athchóiríodh na seomraí agallaimh speisialta chun timpeallacht níos cairdiúla do pháistí a chruthú iontu do na hagallaimh Alt 11.
- Ó Mheán Fómhair 2006 i leith tugtar foirm d'iarrthóirí chun gur féidir leo a rogha teanga a léiriú don agallamh Alt 11. Déantar gach iarracht a rogha teanga a chur ar fáil dóibh.
- Cuireadh ceistneoirí sna teangacha Pushtu agus Amáiris ar fáil d'iarrthóirí den chéad uair i 2006. Tugann sé seo go 31 líon na dteangacha ina bhfuil ceistneoirí ar fáil i láthair na huair.
- Sa tríú ráithe de 2006 rinneadh tuilleadh forbartha ar nósanna imeachta chun a chinntiú go dtugtar cóip de chomhad an iarrthóra dá n-ionadaithe dlíthiúla sula ndéantar cinneadh ar bith ina gcás ag Aonad Bhaile Átha Cliath.

- Ullmhaíodh eolas ar phróiseas Rialachán Bhaile Átha Cliath II i mBéarla soiléir. Beidh sé seo ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige go luath i 2007.
- Bhí idirchaidreamh ar siúl go rialta i gcónaí ag an Oifig le roinnt gníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn, ar nós Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Dlíthiúil do Dhídeanaithe, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, An Gníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeachadh agus an Roinn Sláinte agus Leanaí. Bhí an Oifig rannpháirteach go rialta i gcomhairliú idir-rialtasach ar bheartais tearmainn, dídeanaithe, agus imirce chun a chinntiú go mbeadh beartais agus straitéisí éifeachtacha agus comhordaithe ann idir Ranna agus gníomhaireachtaí in Éirinn agus le gníomhaireachtaí tearmainn agus inimirce i mBallstáit eile den AE.
- Bunaíodh grúpa oibre speisialta i gcaitheamh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-oibríochtaí san Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí. D'athbhreithnigh an grúpa chomh maith an bealach a idirghníomhaíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le haonaid eile. I ndiaidh an athbhreithnithe, leasaíodh na ról agus na freagracháí a bhí cheana ar an bhfoireann sa réimse sin agus leasaíodh nósanna imeachta chun a chinntiú go bpléifí le comhfhreagras agus le sonraí ar an gcaoi ab éifeachtaí ab fhéidir.
- Cé nach mbeidh tionchar ag na Rialacháin Cháilitheachta do Chosaint ar an gcaoi a imscrúdaítear agus a chinntear iarratais ar stádas dídeanaí, chuir an Oifig forálacha na Rialachán in iúl do gach iarrthóir sa chóras. Lena chois sin, d'ullmhaigh an Oifig bileog eolais maidir le forálacha na rialachán a chuirtear ar fáil do gach iarrthóir nua.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Nósanna Imeachta Gearán Chustaiméirí na hOifige ag deireadh na bliana. Déanfar anailís ar thorthaí an athbhreithnithe go luath i 2007 agus leasófar na nósanna imeachta, más gá.
- Cheap an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí Ceisteanna Coitianta maidir le nósanna imeachta na heagraíochta. Cumasóidh na Ceisteanna Coitianta don eagraíocht eolas a sholáthar do chustaiméirí a ghlaonn ar an Oifig ar an teileafón.
- Rinneadh suirbhé i dtaca le ceistneoir na hOifige d'Athaontú Teaghlaigh ag tús 2006. Tar éis anailís a dhéanamh ar na torthaí leasaíodh an ceistneoir chun é a dhéanamh níos cairdiúla d'úsáideoirí.

- Ceapadh doiciméad ina bhfuil Ceisteanna Coitianta ar an bPróiseas Athaontú Teaghlaigh i gcaitheamh 2006 agus cuirfear é ar an láithreán gréasáin go luath i 2007.

Teicneolaíocht an Eolais

Brostaíodh roinnt gealltanais i 2006 atá sa Straitéis TE a chlúdaíonn an tréimhse 2005-2007, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Síndodh an Conradh do thabhairt isteach tionscadal an Chórais Uathoibríoch Aithint ó Mhéarlorg (AFIS) a aistreoidh muid ó chóras láimhe go córas leictreonach. Cuirfear leis an gcóras seo trí mhéarlorg a sheoladh go huathoibríoch chuig bunachar sonraí méarlorg an Gharda agus chuig EORODAC. Bhí ionadaíocht ag an Oifig i gcónaí ar an mBord Tionscadail agus ar an bhFoireann Meastóireachta, le cois tacaíocht riachtanach eile a sholáthar don tionscadal. Cuireadh tús i ráithe a 4 de 2006 leis an gcéad chéim, inar suiteáladh cruá-earraí leictreonacha gabhála méarlorg, agus inar cumraíodh na naisc le bunachar sonraí lárnach an Gharda agus EURODAC.
- Tá sé mar aidhm ag an gClár um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP) aon bhonneagar TE amháin a chruthú idir na gníomhaireachtaí agus na rannáin éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce. Éascóidh sé seo cur chuige comhtháite i leith Bainistiú Cásanna, Bainistiú Cóiríochta, Eolas faoi Thír Tionscnaimh agus Tuirisc ar Chomhaid. Le himeacht ama, tiocfaidh AISIP in áit an chórais reatha Bainistíocht Tearmainn Bheo. Síndodh an Conradh i mí na Nollag chun an chéim dheiridh den tionscadal seo a chur i bhfeidhm. Bhí ról ríthábhachtach ag an Oifig i bhforbairt an chlár seo i gcaitheamh na bliana. Bhí ionadaíocht ag an Oifig ar an mBord Tionscadail, ar an bhFoireann Meastóireachta agus ar na grúpaí oibre Tuirisc ar Chomhaid agus Ascnamh Sonraí. Thacaigh Aonad FE le hionadaithe na hOifige le cois cruinnithe a eagrú idir comhairligh agus páirtithe leasmhara eile chun príomhcheisteanna do rath an tionscadail a phlé. Chomhordaigh an tAonad freagraí thar ceann na hOifige.

- Tionscnaíodh forbairt Bheartas Bainistíocht Taifid don Oifig do thaifid láimhe agus leictreonacha. Dréachtaíodh dréacht-bheartas do thaifid láimhe agus cuireadh tús le réamhobair ar bheartas comhlántach do thaifid leictreonacha.
- Ceapadh Deasc Chabhrach nua go speisialta do cheisteanna staitistiúla le linn 2006. Éascaíonn sé sin logáil agus tuairisc furasta ar iarratais agus ar cheisteanna, ar féidir iad a chur chuig an bunachar sonraí díreach ar ríomhphost. Ba é 419 líon na n-iarratas ar eolas staitistiúil i gcaitheamh na bliana.
- Bhí an tAonad i gcónaí ag coimeád bunachar sonraí Dheasc Chabhrach chun tuairisc a choimeád ar iarratais agus ceisteanna maidir le tacaíocht TE. Is féidir le custaiméirí inmheánacha a gcuid iarratas a chur díreach chuig an Deasc Chabhrach le ríomhphost, áit ar féidir monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhrostú. Ba é 3,754 líon na n-iarratas a cuireadh chuig an Deasc Chabhrach i 2006. Lena chois sin, próiseáladh roinnt mhaith iarratas maidir le monatóireacht ar an bpost.
- Ceapadh doiciméad leasaithe beartas teileafóin, ríomhphost agus idirlín agus scaipeadh é ar na húsáideoirí ar fad sa ráithe dheireanach den bhliain.
- I gcaitheamh na bliana, d’eagraigh an fhoireann ón Aonad TE roinnt seisiún nó clinicí buail isteach mar a bhféadfadh úsáideoirí an chórais fadhbanna TE a phlé go neamhfoirmiúil. Sholáthair sé seo aiseolas mórluachmhar agus chabhraigh chun réimsí a aithint mar a raibh oiliúint bhreise de dhíth.
- Athdhearadh láithreán gréasáin na hOifige ó bhun agus tugadh cothrom le dáta é i gcaitheamh na bliana. Soláthraíonn an láithreán gréasáin cairdiúil seo eolas cuimsitheach cothrom le dáta do chustaiméirí maidir leis an eagraíocht agus an próiseas teamainn. Uaslódáiltear eolas staitistiúil na hOifige go dtí an láithreán gréasáin ar bhonn míosúil. Gné thábhachtach san athdhearadh ab ea inrochtaineacht dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu agus d’fhreastail an fhoireann ó Aonad TE ar sheimineáir agus chas siad ar an Údarás Náisiúnta Míchumais. Tá an tAonad tar éis dul i mbun oibre chun a chinntiú go dtagann an láithreán gréasáin le caighdeán aitheanta idirnáisiúnta agus leis an gcleachtas is fearr ar inrochtaineacht agus úsáideadh bileoga stíle cascáidithe i ndearadh an láithreáin chun cuidiú le hinrochtaineacht.
- Lena chois sin tugadh faoi roinnt tionscadal meánscála go mórscála le haghaidh forbairt agus cothabháil leanúnach chórais TE na hOifige.

Acmhainní Airgeadais

- Chuir an Oifig rialuithe inmheánacha agus seachtracha cuí airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú gur fhan caiteachas laistigh de bhuiséad agus de réir Nósanna Imeachta Bheartas Airgeadais agus Treoirlínte Soláthair Phoiblí. Rinneadh monatóireacht chomh maith ar chaiteachas chun luach ar airgead a chinntiú.
- Tá toradh caiteachais na hOifige don bhliain 2006 leagtha amach in Aguisín 6 den tuarascáil seo.

Forbairtí Corparáideacha

- Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt Ráiteas Straitéise nua don Oifig do na blianta 2007 go 2009.
- Tháinig forálacha eile Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm go hiomlán i mí Iúil 2006. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go ngéilleann an Oifig go hiomlán don Acht.

- Faoin Tionscnamh Bainistíocht Straitéiseach (SMI) tháinig an fhoireann le chéile lasmuigh den láthair ar dhá ócáid i gcaitheamh na bliana. Ba é téama na laethanta sin ná “cultúr feidhmíochta a chur chun cinn agus dea-thimpeallacht oibre a chothú ag an am céanna”.

Fostaíodh roinnt cainteoirí chun cur i láthair a thabhairt ar thopaicí mar Fheasacht i leith Strusa agus Comhpháirtíocht Bhainistíochta agus Ionad Oibre na Todhchaí agus nuashonrú ar éachtaí Comhpháirtíochta san Oifig. Roinneadh an fhoireann i ngrúpaí oibre chun topaicé éagsúla atá inspéise don eagraíocht a phlé mar shampla Obair Bhuíne, Cumarsáid, Meanma na Foirne, Úsáid TE agus Cleachtais agus Nósanna Imeachta Oibre.

Eagraíodh leathlá leantach SMI i mí na Samhna chun déileáil le ceisteanna comhpháirtíochta den chuid is mó. Tugadh cur i láthair don fhoireann ar Chomhaontú *I dTreó 2016* agus a impleachtaí. Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a nochtadh i ngrúpaí oibre ar bhealaí ina bhféadfaimis feidhmíocht a fheabhsú trí chomhpháirtíocht, bealaí nua oibre a mhisiú trí chomhpháirtíocht agus cur le solúbthacht trí chomhpháirtíocht.

Comhthiomsaíodh aiseolas ón dá lá agus cruthaíodh Pleananna Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas.


Fuair an fhoireann cur i láthair chomh maith ar an mBille Inimisce, Cónaí agus Cosaint a bhfuil súil leis go luath.

- Leasaíodh nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta agus ráiteas Sláinte & Sábháilteachta na hOifige chun cuntas a thógáil den Acht nua Sláinte & Sábháilteachta a achtaíodh i 2006.
- Cuireann an tAcht Míchumais 2005 – a dearadh chun teacht ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú do dhaoine le míchumais – oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí chun go mbeidh na seirbhísí agus an t-eolas a chuireann siad ar fáil inrochtaine do dhaoine atá faoi mhíchumas. Lena chois sin, tá forálacha san Acht maidir le inrochtaineacht maidir le foirgnimh. Chun a chinntiú go gcloímid go hiomlán le forálacha an Acht Míchumais 2005, seo mar a rinne an Oifig i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais
 - ullmhaíodh tuarascáil agus plean gníomhaíochta i dtaca le teacht ar sheirbhísí agus ar eolas agus lena chois sin
 - ceapadh plean chun na moltaí a rinneadh san iniúchadh inrochtaine ar ár bhfoirgnimh sa bhliain 2005 a chur i bhfeidhm sna blianta atá romhainn.

Cuireadh roinnt de na moltaí atá sna pleananna seo i bhfeidhm nó cuireadh tús leo i gcaitheamh na bliana.

- Ullmhaíodh Plean Nuachóirithe agus Gníomhaíochta *I dTreo 2016* de réir ár ngealltanas faoin gclár Nuachóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí. Clúdaíonn an plean gníomhaíochta seo an tréimhse suas go Meán Fómhair 2008 agus leagann amach ár gclár oibre – i bhfoirm gníomhartha, amlínte agus táscairí feidhmíochta aontaithe – le haghaidh nuachóiriú, solúbthachta agus comhar le hathrú leantach san eagraíocht sa tréimhse sin.
- Mar ullmhúchán d'fheidhmiú beartaithe an Bhille Inimisce, Cónaí agus Cosaint bunaíodh grúpa oibre i ráithe a 4 2006 chun a impleachtaí don Oifig seo a mheasúnú. Má achtaítear an Bille agus nuair a tharlaíonn sé sin beidh deireadh leis an Oifig seo agus is í an tSeirbhís Eadóireachta agus Inimisce a bheidh i mbun na hoibre. Beidh cúram ar an tseirbhís as cosaint chúnta agus saoire daonnachta chun fanacht a chinneadh chomh maith le stádas dídeanaí mar chuid de "nós imeachta amháin". Tá togra ann do sheirbhísí roinnte ar an taobh corparáideach.






4

Aguisíní



Aguisín 1 – Cairt Eagraíochta d'Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe



An tAonad um Ghlacadh

Dlúthchuid den phróiseas tearmainn is ea an tAonad um Ghlacadh a rialaíonn glacadh le agus próiseáil iarratais ar thearmann ar an gcéad dul síos.

An tAonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna

Comhtháthaíodh an tAonad Sceidealaithe agus an tAonad Riaracháin i Samhain 2005. Oibríonn na haonaid seo anois mar aonán amháin ar a dtugtar an "tAonad Riaracháin Phróiseáil Cásanna".

Is iad feidhmeanna an Aonad Riaracháin Phróiseáil Cásanna:

- agallaimh a sceidealú do lucht iarrtha tearmainn
- socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin ar fáil
- an limistéar feithimh d'agallaimh a bhainistiú
- fógraí cinnidh a eisiúint d'iarrthóirí tearmainn agus do pháirtithe lena mbaineann i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann.
- próiseáil a dhéanamh ar chásanna a mheastar a bheith tarraingthe siar
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na haonaid phróiseáil cásanna
- comhfhreagras a phróiseáil maidir leis na haonaid próiseála
- clárleabhar staitistiúil a chothabháil agus a choimeád chun dáta

Aonad Bhaile Átha Cliath

Tá Aonad Bhaile Átha Cliath freagrach as cur chun feidhme in Éirinn Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus Rialachán 343 na Comhairle (AE) de 2003. Pléann an tAonad, go ginearálta, le hiarratais chun éilimh ar thearmann a aistriú chuig Stáit eile de chuid Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus pléann le hiarratais ó Stáit eile chun iarrthóirí ar thearmann a aistriú go dtí an Stát seo.

Aonaid Phróiseáil Cásanna

Is é próiseáil cásanna croífhaidhm na hOifige agus ciallaíonn sé éilimh ar stádas dídeanaí a imscrúdú ar bhonn cás ar chás. Is é príomhchuspóir na nAonaid Phróiseáil Cásanna ná imscrúdú cóir, tráthúil agus

éifeachtúil a dhéanamh ar iarratais ar dhearbhu mar dhídeanaí agus moltaí atá láidir ó thaobh an dlí de a dhéanamh maidir le hiarratais mar iad. Áirítear ar an imscrúdú agallamh aonair a chur ar iarrthóirí, taighde oibiachtúil a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar agus moltaí a dhéanamh faoi cibé ar chóir 'glacadh' le hiarratas nó 'diúltú' dó.

An tAonad Athaontú Teaghlaigh

Scrúdaíonn an tAonad Athaontú Teaghlaigh iarratais ó theifigh ar chead go ligfí do bhaill áirithe dá dteaghlaigh teacht isteach agus cur fúthu sa Stát.

Athbheithniú Breithiúnach

Ullmhaíonn an tAonad Athbheithniú Breithiúnach freagra na Oifige ar iarratais ar athbheithniú breithiúnach agus ar iarratais ar chead chun cur isteach ar athbheithniú breithiúnach i gcás moltaí agus/nó nósanna imeachta chéad uaire. Scrúdaíonn an tAonad an t-iarratas agus ullmhaíonn mionteagasc don chomhairle agus mionnaíonn siad mionnscribhinní freagracha sa chás go measann ár gcomhairleoirí dlíthiúla gur cuí. Má nochtann athbheithniú breithiúnach earráid nó easnamh atá ábhartha do mholadh na chéad uaire féachfaidh an tAonad le teacht ar shocrú gan mhoill a bheidh sásúil don dá thaobh.

An tAonad Láithriúcháin

Is é ról an Aonaid Láithriúcháin ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe, freagairt a thabhairt ag éisteachtaí achomhairc ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in achomharc an achomharcóra agus cuidiú leis an gComhalta Binse teacht ar mholadh cóir agus ceart. Soláthraíonn an tAonad freagairtí reachtúla faoi ailt 16(6) and 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

An tAonad Beartais agus Nósanna Imeachta

Is é ról an Aonaid seo gníomhú mar acmhainn lánach eolais chun treoir a sholáthar maidir le forbairt agus athbheithniú leanúnach ar bheartas agus ar nósanna imeachta na hOifige maidir le bainistiú agus imscrúdú éileamh agus chun an oiliúint chuí a chomhordú agus a sholáthar don fhoireann sa mhéid sin.

An tAonad Tacaíochta COI/RSD

Is é ról an Aonaid seo tacaíocht éifeacht a sholáthar do na hAonaid Phróiseáil Cásanna agus Láithriúcháin trí Eolas ar Thíortha Tionscnaimh, Dearbhú Cáilíochta agus acmhainní treoir RSD na hOifige a fhorbairt de réir na bhforbairtí sa reachtaíocht, sa dlí-eolaíocht agus sa chleachtas idirnáisiúnta is fearr.

An tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá cúram ar an Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí as forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir na seirbhíse do chustaiméirí, as bainistiú ceisteanna ó chustaiméirí agus as idirchaidreamh le heagraíochtaí eile (idir rialtasach agus neamhrialtasach).

An Oifig Chorporáideach

Is é ról na hOifige Corparáidí ná maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar tacaíocht ardchaighdeán riaracháin agus rúnaíochta don Choimisinéir Iarratais do Dhéanaithe agus dá Foireann Bainistíocht Sinsearach chun a chumasú di a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh. Comhordaíonn an Oifig ábhar mar fhreagra ar iarratais ó *inter alia*, ranna /gníomhaireachtaí rialtais agus na meáin; ullmhaítear ann gach doiciméd corparáideach agus tá cúram uirthi as a scaipeadh.

An tAonad Daonacmhainní

Is é ról an Aonaid Daonacmhainní díriú ar chur chuige straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith Bainistiú Daonacmhainní. Forbraíonn an tAonad beartais agus nósanna imeachta daonacmhainní don eagraíocht agus tá Oifigeach Comhionannais agus Míchumais aici a ceapadh go háitiúil le cinntiú go mbíonn an fhoireann ar fad ar an eolas mar gheall ar na beartais atá ann maidir le deiseanna cothroma, míchumas agus bulaíocht agus ciapadh. Próiseálann sé chomh maith iarratais ar scéimeanna saoire teaghlaigh, iarratais ar aistrithe, iarratais ar shaoire speisialta, etc. agus déanann idirchaidreamh leis an Roinn maidir le cúrsaí foirne. Tá sé freagrach chomh maith as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna Daonacmhainní a cineachadh chuig an Oifig ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (.i. fleisc-am, saoire bhliantúil agus saoire speisialta le pá).

An tAonad Oiliúna Daonacmhainní

Tá cúram ar Oiliúint Daonacmhainní as oiliúint a chomhordú, a éascú agus a sholáthar don bhfoireann. Oibríonn an tAonad go dlúth le hAonaid eile agus le hoiliúinóirí inti chun a chinntiú go n-aithnítear riachtanais oiliúna agus go dtagann an oiliúint a chuirtear ar fáil le riachtanais na heagraíochta trí a bheith ábhartha agus sonrach don bpost. Tá cúram air chomh maith as scéimeanna athchistiú táillí a oibriú agus coimeádann sé na bunachair sonraí PMDS agus oiliúna.

An tAonad Eagraíochta agus Airgeadais

Tá cúram ar an Aonad Eagraíochta/Airgeadais as bainistiú agus rialú airgeadais, sláinte agus sábháilteacht agus soláthar seirbhísí riachtanacha tacaíochta (m.sh. cóiríocht, trealamh, soláthairtí) d'aonaid eile den Oifig.


An tAonad Teicneolaíocht an Eolais/Eolas Bainistíochta

Tá cúram ar an Aonad Teicneolaíocht an Eolais/Eolas Bainistíochta as soláthar, cothabháil agus forbairt gach trealaimh agus córais, bog-earraí agus bonneagar don Oifig chomh fada agus a bhaineann sé le Teicneolaíocht an Eolais agus cumarsáid líne shocraithe. Tá an tAonad freagrach chomh maith as staitisticí agus eolas bainistíochta a thiomsú agus a scaipeadh agus soláthraíonn sé tacaíocht theicniúil agus oiliúint ar raon ceisteanna.


An tAonad Cóipeála/Clárúcháin

Ta an tAonad Cóipeála/Clárúcháin freagrach as bainistiú comhad agus cóipeáil comhad san Oifig.


Líon na nIarratas in aghaidh na bliana ó 1992 go 2006




Iarratais a fuarthas de réir na míosa ó 01/01/06 go 31/12/06




Láithreacha Iarratais 2006




Aois Tugtha ag Iarrthóirí 2006




Miondealú Inscne 2006



Na Sé Thír Thionscainmh ba Choitianta 2006




Comparáid idir Iarratais a Fuarthas agus Cásanna a Críochnaíodh 2006




Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Nol	Iomlán	
<i>Iarratais a Fuarthas</i>	405	313	438	282	412	278	313	332	422	394	415	310	4,314
<i>Cásanna Críoch</i>	469	522	452	378	388	395	364	317	384	284	533	298	4,784

Cásanna a Críochnaíodh 2006




Cead Tugtha:	<i>Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir go mbronnfaí stádas dídeanaí ar an iarrthóir.</i>
Diúltaithe a.13(4)(b)	<i>Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir (faoi fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse laistigh de 15 lá.</i>
Diúltaithe a.13(2)	<i>Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh mar ar tarraingíodh siar iarratas nó gur measadh é a bheith tarraingthe siar (faoi fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Ní ceadmhach achomharc a dhéanamh chuig an mBinse.</i>
Diúltaithe a.13(5)	<i>Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir agus tá tátal cuimsithe ina tuarascáil faoi alt 13(6) (faoi fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear a dhéanamh laistigh de 10 lá.</i>
Rialachán Bhaile Átha Cliath II/Coinbhinsiún BAC	<i>I gcásanna inar bunaíodh gur cheart iarratas an iarrthóra ar stádas dídeanaí a chinneadh i dtír eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II/Coinbhinsiún BAC.</i>
Diúltú a.13:	<i>Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart go mbronnfaí stádas dídeanaí ar an iarrthóir (faoi fhorálacha an Achta a bhí i bhfeidhm roimh 15 Meán Fómhair, 2003).</i>

Moltaí a Eisíodh 2006




Agallaimh a Sceidealadh agus a Rabhthas i Láthair dóibh 2006




Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Nol	Iomlán
<i>Sceidealta</i>	421	399	390	329	373	357	332	335	389	369	398	288	4,380
<i>I láthair</i>	401	288	304	262	286	247	257	270	313	283	292	199	3,402
<i>* % i láthair</i>	85	88	88	87	86	82	89	92	92	88	84	87	87.33

*Ní áirítear ar ráta freastail na n-iarrthóirí agallaimh a chuir an Oifig siar.


Iarrtais a bhí fós idir lámha ag 01/01/06 go 31/12/06



Iarrtais a bhí fós idir lámha ag deireadh bliana 1997 go 2006




Staitisticí do Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath II don tréimhse 01/01/2006 go 31/12/2006



*1 I roinnt cásanna déantar iarratais ar thíortha eile an Choinbhinsiúin faoi Airteagal 21 de Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Déantar na fiosruithe chun a fháil amach an bhfuil aon eolas ag an Stát iarrtha ar an Iarrthóir, m.sh. cás ina ndiúltaíonn stát 1 d'iarraidh foirmeáilte na hÉireann ach tugann le fios go bhféadfadh Stát eile a bheith freagrach.

*2 Nótáil nár lean iarraidh foirmeáilte uathoibríoch gach fiosrú Airt 21 dearfach agus cuireadh cásanna ar aghaidh chuig Sceidealú le ha ghaidh agallamh substaintiúil, ar chúiseanna lena n-áirítear daonnacht, cúiseanna teaghlaigh, aois an iarrthóra.


Iarratais Airt 21 ar Bhallstáit 2006




Airteagal 21 Rialachán Bhaile Átha Cliath II chuig stáit eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2006

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Nol	Iomlán	
<i>Iarratais</i>													
2006	12	15	8	12	16	18	13	16	5	10	8	9	142

Freagraí ar iarratais Airt. 21 a eisíodh i 2006




Iarratais Fhoirmeáilte ar Bhallstáit – 2006




Iarratais Fhoirmiúla, 2006 ar Bhallstáit eile

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Nol	Iomlán	
<i>Iarratais</i>													
2006	5	58	20	89	62	86	59	44	62	88	55	12	640

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeáilte a eisíodh - 2006




Iarratais Fhoirmeáilte a rinne Ballstáit eile ar Éirinn i 2006




Iarratais Foirmiúla a fuarthas ó Bhallstáit eile ar Éirinn - 2006

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Nol	Iomlán	
<i>Iarratais</i>													
2006	13	18	15	15	17	11	7	11	8	9	8	6	138

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeáilte a eisíodh - 2006



Aistrithe faoi Choinbhinsiún Baile Átha Cliath/Rialachán II Bhaile Átha Cliath i 2006



Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II/Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath in 2006 *

Mí	Eanáir	Febrúair	Márta	Aibreán	Bealtaine	Meán Fómhair	Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig	Iomlán
<i>larratais</i>													
<i>Isteach</i>	1	6	9	9	12	3	4	9	6	5	3	3	70
<i>larratais</i>													
<i>Amach</i>	9	12	12	19	60	27	33	29	14	28	19	32	294

Aguisín 5 – Eolas ar Iarratais a Réitigh an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus an tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2006

Tábla A

Catagóir	Líon a Próiseáladh
<i>Litreacha agus Faicseanna</i>	14,203
<i>Ceisteanna Fóin</i>	4,149
<i>Ceisteanna Ríomhphoist*</i>	17,111
Iomlán	35,463

**Ar na ceisteanna ríomhphoist a fuarthas bhí 9,833 ceist a fuarthas bealach post na hOifige agus 7,278 ríomhphost maidir le heolas a roinnt le heagraíochtaí rialtais eile.*

Tábla B

Catagóir	Líon a Próiseáladh
<i>Comhaid a Cóipeáladh</i>	4,628
<i>Comhaid a Aistríodh</i>	29,050
Iomlán	33,678

Nóta: Tagraíonn an t-iomlán de chomhaid a cóipeáladh don líon de chomhaid iarbhrí a fótachóipeáladh ach ní léiríonn sé go gcuirtear ceithre chóip de gach comhad ar fáil i bhformhór na gcásanna.

Próifíl an Chaiteachais Neamhphá d'Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe - 1 Eanáir - 31 Nollaig 2006

Miondealú ar an gCaiteachas Neamhphá

Déantar an figiúr pá d'Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a chónascadh leis an Áisíneacht um Imeascadh Dídeanaithe, an Binse Achomharc do Dhídeanaithe, Cinntí Aireachta, Aonaid Bheartais Inimirce agus Tearmainn na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi fho-mhírcheann D.1 de Vóta Dlí agus Cirt 19. Ba é an toradh ar phá le haghaidh Fo-mhírcheann D.1 den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ná * €25,007,021.01.

Cur Síos	Méid
Taisteal Iomlán (In Éirinn agus i gcéin)	€30,696.00
Éide	€4,122.00
Oiliúint & Forás Foirne	€173,760.00
Fógraíocht	€9,363.00
Foilseacháin	€23,244.00
Costais Ghníomhaire Taistil	€8,978.00
Ilghnéitheach	€87,997.00
Aistriúcháin & Ateangaireacht	€1,372,460.00
Costais Liachta	€72.00
Páipéarachas	€72,327.00
Speansais Dlí	€66.00
Postas	€88,731.00
Teileachumarsáid	€100,680.00
Crua-earraí TE – Iomlán na Sócmhainní	€159,707.00
Cothabháil TE	€101,741.00
Teas, Solas & Breosla	€137,523.00
Comhairliú	€4,572.00
Leabharlann & Taighde Dlí	€2,517.00
Trealamh Oifige	€7,915.00
Costais Dhlíthiúla	€827,963.00
Costais Ghinearálta Áitribh	€326,489.00
Fotachóipeáil agus Nithe Gaolmhara	€51,613.00
Iomlán	€3,592,536.00

*Mar a dhearbhaigh an Brainse Airgeadais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 4/Eanáir/2007.

*Tabhair faoi deara go bhféadfadh athrú a theacht ar an bhfigiúr seo go dtí go bhfoilsítear Cuntas Leithghabhála 2006 don Vóta Dlí agus Cirt.

Acht na nDídeanaithe 1996

An phríomh-mhír reachtaíochta baile a phléann le dídeanaithe agus le lucht iarrtha tearmainn ná Acht na Dídeanaithe, 1996, a tháinig i bhfeidhm i 2000. Comhshnaidhmeann an tAcht Coinbhinsiún na Ginéive 1951 leis an dlí baile. Foráiltear ann do bhunú na hOifige agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus leagtar amach ann creat le haghaidh cinneadh iarratas ar thearmann. (Leasaíodh Acht 1996 ag an Acht Inimirce 1999, Acht na nInimirceoirí Mídhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus an Acht Inimirce 2003.)

Cinneadh Stádas Dídeanaí

Mar a dtagraítear dó in alt 17 den Acht, mar a dtugann an tAire don dídeanaí lena mbaineann, tar éis mholadh ón gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe, nó i ndiaidh cinneadh ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe moladh an Choimisinéara a chur i leataobh, ráiteas i scríbhinn gur dídeanaí é/í.

Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath

Soláthraíonn Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath modh chun teacht ar shocrú faoi cibé tír de chuid an Choinbhinsin atá freagrach as iarratas ar thearmann a bhreithniú. Síníodh an Coinbhinsiún i mBaile Átha Cliath an 15 Meitheamh, 1998 ag ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh. Tá gach ceann de chúig bhallstát déag an Aontais Eorpaigh tar éis Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a ghlacadh. Lena chois sin, dhaingnigh an Íoslainn agus an Iorua Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath, Aibreán 2001.

Rialachán Bhaile Átha Cliath II

Tháinig Rialachán Bhaile Átha Cliath II i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2003, in ionad Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an Rialachán seo modh chun a chinneadh cén tír de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II atá freagrach as iarratas ar stádas dídeanaí a scrúdú. Tá gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi cheangal ag an Rialachán. Oibríonn an Íoslainn agus an Iorua an Rialachán freisin.

EURODAC

Córas chun méarloig a mhalartú go leictreonach idir bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn agus an Iorua. Cuirtear méarloig ar aghaidh chuile lá go dtí bunachar sonraí lárnach i Lucsamburg.

Teastas Cónaí Sealadach

Cárta is ea an Teastas Cónaí Sealadach, a bhforáiltear dó faoi alt 9 (3) d'Acht na nDídeanaithe 1996, a thugtar d'iarrthóirí agus ar a mbíonn a ngrianghraf, a n-ainm, a méarlorg agus sonraí eile aitheantais.

Eolas faoi Thír Tionscnaimh (COI)

Bíonn Eolas faoi Thír Tionscnaimh (COI) comhdhéanta den iliomad cineál eolais dála reachtaíocht, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, doiciméid oifigiúla m.sh. pasanna, ceadanna oibre. Úsáidtear é mar chabhair chun substaint iarratais ar Chinneadh Stádas Dídeanaí a chinneadh.

EURASIL (Líonra an Aontais Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn / Réseau de l'UE pour les praticiens de l'asile)

Fóram le haghaidh cleachtóirí tearmainn san AE chun eolas a mhalartú ar cheisteanna tearmainn mar chórais chinneadh stádas dídeanaí agus córais eolais faoi thír thionscnaimh.

Seirbhísí Dlí do Dhídeanaithe

Is seirbhís í an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe a sholáthraíonn an Bord Cúnamh Dlí agus cuireann sí seirbhísí dlí ar fáil d'iaratasóirí atá ag lorg stádas dídeanaí.

Coinbhinsiún NA

Is ionstraim idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a síníodh sa bhliain 1951 chun stádas dlíthiúil dídeanaithe a mhíniú. Ghlac Comhdháil Lánchumhachtach de chuid na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaí an 28 Iúil 1951, agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 1954. Tá reachtaíocht na hÉireann i ndáil le dídeanaithe bunaithe ar na prionsabail i gCoinbhinsiún 1951.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR)

Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe an 1 Eanáir 1951. Nótáiltear go sonrach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil de chúram ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe maoirsiú a dhéanamh ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ina ndéantar foráil maidir le cosaint a sholáthar do dhídeanaithe, agus a chinntiú go ndéantar comhordú éifeachtach ar na bearta a dhéantar chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin i gcomhar leis na stáit éagsúla.

Tionscnamh Dídeanaithe agus Lucht Iarrtha Tearmainn Spiritan (SPIRASI)

Eagraíocht neamhrialtasach a sholáthraíonn raon seirbhísí do lucht iarrtha tearmainn, do dhídeanaithe agus d'inimiceoirí eile. Faoi láthair, trí sheirbhís atá ar fáil – an tlonad d'Imeachadh agus Oideachas Imirceoirí, an tlonad Cúraim dóibh siúd a Thagann Slán as Ciapadh (CCST) agus an tlonad Eolais agus Cothaithe Sláinte.



Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

79-83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01-6028000

Lóghlao: 1890 202418

Faicis: 01-6028122

Ríomhphost: oracmail@orac.ie

Láithreán Gréasáin: www.orac.ie



Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

79-83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 6028000

Lóghlao: 1890 202418

Faics: 01 6028122

Ríomhphost: oracmail@orac.ie

Láithreán Gréasáin: www.orac.ie